



Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2019**

Dáta	Lch
18 Eanáir	2
08 Márta	6
26 Aibreán	14
14 Meitheamh	21
26 Iúil	27
13 Meán Fómhair	34
01 Samhain	39
06 Nollaig	46

Miontuairiscí ón 170ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 18 Eanáir 2019 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin S. M. Ó Domhnaill, N. Ó Gallchóir agus M. Farrell.

Leithscéal: S. Ní Chéide.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile.

Leithscéal: J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne

Ritheadh rún comhbhróin le S. Uí Choinne agus S. Ó Coinne ar bhás mháthair Sheosaimh agus le M. Mac Cathmhaoil ar bhás a mháthar.

01.170 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Pléadh na miontuairiscí ón 7 Nollaig 2018. Aontaíodh ar roinnt leasuithe do na miontuairiscí, agus aontaíodh go síneadh an Cathaoirleach an leagan leasaithe agus go gcuirfí an leagan leasaithe chuig an Bhord mar eolas.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 7 Nollaig 2018 leis na leasuithe molta.

Deimhníodh gur thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach cuntais 2017 an Fhorais Teanga a shíniú ag an gcruinniú Boird 7 Nollaig 2018.

Aontaíodh go gcuirfí an leagan críochnúil den *Tuairisc ar an anailís ar na meáin Ghaeilge atá maoinithe ag Foras na Gaeilge* ar fáil don Bhord. Deimhníodh nach mbeadh an lú dréacht den tuairisc á chur ar fáil mar gur dréacht oibre é nach raibh iomlán.

Rinneadh tagairt don oiliúint a bheidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag eagrú don Bhord go luath. D'iarr comhaltaí go gcuirfí ainmneacha roinnt daoine le Gaeilge a bheadh ábalta an oiliúint a chur ar fáil trí Ghaeilge ar aghaidh chuig RCOG.

Cuireadh béim ar thábhacht an ardaithe feasachta maidir le scéimeanna Fhoras na Gaeilge, agus do cheantair ar imeall na Gaeltachta.

02.170 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige féin, M. Ní Neachtain agus M. Ní Chonghaile maidir le Scéim na bhFéilte. Ní raibh aon baol coimhlint leasa eile le nochtadh ag aon duine. D'ardaigh roinnt comhaltaí atá mar bhaill de Choiste na nDeontas roinnt ceisteanna maidir le ról na mball i gcomhthéacs baol coimhlint leasa. Rinne an Príomhfheidhmeannach soiléiriú ar an cheist, agus moladh comhairle a iarraidh ina leith nuair a bheadh comhaltaí i láthair ag ceardlanna oiliúna RCOG.

03.170 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Thug an Bord suntas don chruinniú a bhí ag an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le

Príomhfheidhmeannach na Comhairle Ealaíon. Thug an Bord suntas don chruinniú a bhí le stiúrtóirí Tuairisc.ie agus cuireadh in iúl gur thoiligh siad conradh go deireadh mhí an Mhárta 2019 a shíniú.

Fiosraíodh an bhféadfaí cruinniú a eagrú le Gaillimh 2020.

Tugadh ardmholadh don Scéim Scríobh Leabhar agus fiosraíodh an bhféadfaí í a phoibliú níos mó. Tugadh ardmholadh do bhailiúchán na bportráidí agus fiosraíodh a bhféadfaí seó bóthair a eagrú ar fud na tíre chun na portráidí seo a chur ar thaispeántas don phobal.

Scaipeadh leagan nuashonraithe de bhuaicphointí 2018 agus tugadh suntas dóibh.

04.170 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D'fhág an Cathaoirleach, M. Ní Neachtain agus M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa agus chuaigh B. Ó Muirí sa chathaoir.

Tugadh tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 9 Eanáir 2019.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo a leanas: Ghlór na nGael; Oireachtas na Gaeilge; an Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí; Scéim na nImeachtaí Óige 2018/2019; agus Comhar

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €95,864 a cheadú do 42 féile faoi Scéim na bhFéilte 2019.

Ardaíodh ceist i leith leathadh iarrthóirí ar an scéim ar fud na tíre agus faoin easpa iarratas ó Chuige Mumhan, agus ó Chontae Chorcaí go háirithe. Fiosraíodh an bhféadfaí an próiseas iarratais a shimpliú agus teagmháil a dhéanamh le gníomhaithe teanga sa chuid sin den tír le feacht a ardú i leith na scéime. Moladh tuilleadh oibre a dhéanamh ó dheas ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge, agus daoine a aimsiú go háitiúil le cuidiú linn. Pléadh an easpa iarratas ó cheantair eile ina bhfuil SPG ag feidhmiú.

Cuireadh in iúl go raibh 11 iarratas eile incháilithe ach nach raibh maoiniú ar fáil sa bhuiséad dóibh.

D'fhill an Cathaoirleach, M. Ní Neachtain agus M. Ní Chonghaile ag an phointe seo agus chuaigh an Cathaoirleach sa chathaoir arís.

Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 9 Eanáir. Míníodh gur pléadh an Plean Straitéiseach go mion, agus go ndearnadh roinnt leasuithe eile air. Iarradh ar Chomhaltaí Boird moltaí breise maidir leis an Phlean a chur chuig an Phríomhfheidhmeannach faoi **Aoine 25 Eanáir 2019**. Beidh sé le plé arís ag an gcéad chruinniú Boird eile.

Cuireadh in iúl go raibh plé ar siúl leis an sainchomhairleoir atá ag ullmhú na tuairisce athbhreithnithe ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta, agus go mbeidh sí le cur faoi bhráid an Choiste Forbartha go luath.

Míníodh go mbeadh cruinnithe an Choiste ar a 4:00i.n. tráthnóna Dé Luain feasta lena dhéanamh níos éasca do bhaill freastal ar na cruinnithe.

05.170 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2018

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2018 agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2018.

Ardaíodh ceist faoi fhaomhadh Chuntais an Fhorais Teanga 2017, agus míníodh gur faomhadh Cuntais 2017 an Fhorais Teanga ag cruinniú den Fhoras Teanga i mí na Nollag agus ag cruinniú Boird d'Fhoras na Gaeilge ina dhiaidh sin. Míníodh gur faomhadh Dréacht-Chuntais 2017 Fhoras na Gaeilge ag Cruinniú ar 23 Márta 2018 den Choiste Iniúchta, agus gur cuimsíodh an cheist i dtuairisc scríofa Chathaoirleach an Choiste Iniúchta don Bhord don chruinniú Boird an 13 Aibreán 2018.

06.170 DRÉACHT-PHLEAN GNÓ 2019

Pléadh Dréachtphlean Gnó 2019 agus ghlac an Bord leis.

07.170 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

08.170 AON GHNÓ EILE

Aontaíodh go mbeidh seisiún gan feidhmeannas ag an chéad chruinniú Boird eile ar an 8 Márta, ag teacht le moltaí dea-chleachtais sa Chód Cleachtais i leith Rialachais i bhforais Stáit.

Aontaíodh go mbeadh Cruinniú Boird mí Aibreán ar siúl sa Rinn, i bPort Láirge ar an 26 Aibreán le linn Fhéile Bia Iarthar Phort Láirge. Aontaíodh go raibh súil go socrófaí dáta do chomh-chruinniú idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeilge go luath.

09.170 CUR I LÁTHAIR AN CHOIMISNÉARA TEANGA, R. Ó DOMHNAILL

Tháinig R. Ó Domhnaill, an Coimisinéir Teanga, i láthair an chruinnithe, rinne sé cur i láthair ar obair an Choimisinéara Teanga agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le R. Ó Domhnaill as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
8 Márta 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	1/11/19	06/12/19
P. Ó Gallchóir	1/9	✓							
S. M. Ó Domhnaill	1/9	✓							
G. McElwain	1/9	✓							
B. Ní Chofaigh	1/9	✓							
S. Ó hArgáin	1/9	✓							
S. Ó Coistealbha	1/9	✓							
C. McGuinness	1/9	✓							
B. Ó Muirí	1/9	✓							
M. Ní Chonghaile	1/9	✓							
M. Farrell	1/9	✓							
M. Ní Neachtain	1/9	✓							
S. Ní Chéide	0/9	X							
N. Ó Gallochobhair	1/9	✓							

**Miontuairiscí ón 171ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 8 Márta 2019
in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ní Chéide agus M. Farrell.

Leithscéal: B. Ní Chofaigh, S. Ó hArgáin, C. McGuinness agus N. Ó Gallochobhair.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: J. Ó Labhraí agus S. Ó hEidhin.

Léirigh an Cathaoirleach buaireamh faoi eolas faoi chúrsaí an Bhoird a bheith curtha chuig na meáin le déanaí, agus chuir sé in iúl go raibh na Ranna ar an eolas faoi. Chuir sé béim ar chúrsaí slándála agus mhínigh sé go mbeadh seoltaí oifigiúla ríomhphoist na gcomhaltaí le húsáid le haghaidh cáipéisí mar chur chuige feasta seachas seoltaí pearsanta ríomhphoist.

01.171 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ STU

Pléadh na miontuairiscí ón 18 Eanáir 2019. Iarradh go n-athrófaí an tagairt ar leathanach 3 ó ‘faomhadh dréacht-chuntais 2017 ag cruinniú 23 Márta den Choiste Iniúchta’ go ‘pléadh dréacht-chuntais 2017 ag cruinniú 23 Márta den Choiste Iniúchta’. Ghlac an Bord leis gur gnó don Bhord féin faomhadh na gcuntas seachas don Choiste Iniúchta. Ardaíodh ceist faoi gan tagairt a bheith i miontuairiscí Boird Aibreán 2018, do chuntais 2017 i dtuairisc Chathaoirleach an Choiste Iniúchta don Bhord. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl gur pléadh an cheist ag cruinniú den Choiste Iniúchta ar an 25 Feabhra 2019 agus go ndéanfadh sí tuairisciú ina leith níos moille sa chruinniú inniu le go mbeadh sé soiléir. Cé nach raibh tagairt sna miontuairiscí Boird ó Aibreán 2018, go raibh an tagairt chuí déanta aici do chuntais 2017 ina tuairisc don chruinniú Boird sin. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 18 Eanáir 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh dáta le fáil ó Údarás na Gaeltachta do chruinniú idir é féin, an Príomhfheidhmeannach agus ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta agus go ndéanfadh sé teagmháil le Cathaoirleach an Údaráis ina leith.

02.171 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige féin i dtaca le Scéim Scoláireachtaí 2019, ag M. Ní Chonghaile maidir le Scéim Deontas Cholmcille agus ag S. Ní Chéide agus G. McElwain i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta 2019. Ní raibh aon choimhlintí leasa eile le nochtadh ag aon duine.

03.171 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Bhí plé ginearálta ar cheist coimhlintí leasa agus ag éirí as d’fhág M. Ní Conghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa i gcás Chumann na bhFiann, ach mhínigh sí don Bhord go mbeidh sí ag lorg comhairle ina leith.

Thug an Leas-Phríomhfheidhmeannach uasdátú faoi cheist Chumann na bhFiann, faoi na cruinnithe leo, agus faoi plé leo maidir leis an litir thairisceana. Míníodh go raibh Cumann na bhFiann míshásta faoin dóigh ar cuireadh eolas a bhain le plé an Bhoird ina leith ar fáil do na meáin, agus faoin dochar a bhí déanta dá gclú dá bharr sin. Cuireadh in iúl don Bhord, agus an plé ar siúl faoi théarmaí na litreach tairisceana, gur cheadaigh an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach maoiniú dóibh ar bhonn práinne agus go heisceachtúil le costais tuarastail a chumhdach, ar an ábhar nach mbeadh cruinniú Boird eile ann le híocaíocht a cheadú go dtí mí an Mhárta. Léiríodh inní gur sárú rialachais a bhí i gceist san íocaíocht sin gan litir thairisceana a bheith sínithe ag an deontaí. Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach deimhniú a chur ar fáil don Bhord roimh an chéad chruinniú eile nár sáraíodh rialachas, agus bunaithe air sin, beidh an íocaíocht eisceachtúil le faomhadh ag an Bhord ar an chéad chruinniú eile.

D’fhill M. Ní Chonghaile ag an phointe seo.

Míníodh go raibh plé ar siúl go fóill le Tuairisc.ie maidir leis an síneadh conartha do 2019. Pléadh 4 rogha a bhí curtha faoi bhráid Fhoras na Gaeilge ag lucht stiúrtha Tuairisc.ie. Cuireadh in iúl go raibh an cheist pléite leis na Ranna, agus nach mbeadh cead ag Foras na Gaeilge airgead breise a chur ar fáil dóibh toisc gur trí phróiseas iomaíoch a cuireadh conradh ar fáil do Tuairisc.ie. Thug an Bord moladh do Tuairisc.ie, léirigh siad inní go dtiocfadh deireadh leis an chonradh ar 31 Márta, agus iarradh go ndéanfaí gach dícheall tacú leo le go bhféadfadh siad leanúint leis an chonradh go dtí deireadh 2019.

Thug an Bord cead tarmligthe don Choiste Iniúchta dréacht-chuntais 2018 a fhaomhadh ag cruinniú an 25 Márta 2019 le cur ar aghaidh chuig oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cuireadh ceist an bhféadfadh an Bord cead tarmligthe a thabhairt don Choiste Iniúchta d’fhaomhadh cuntas nach mbeadh feicthe ag an Bhord. Míníodh go dtiocfadh na dréacht-chuntais sin faoi bhráid an Bhoird ag an chruinniú Boird i mí an Mheithimh. Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl gur féidir dréacht-chuntais 2018 a scaipeadh ar an Bhord i ndiaidh an chruinnithe den Choiste Iniúchta ar an 25 Márta. Míníodh gurb é a bhí sna dréacht-chuntais ná cuid Fhoras na Gaeilge de chuntais chomhdhlúite an Fhorais Teanga, agus dá réir sin, nár chuntais oifigiúla iad a bheadh le faomhadh ag an Bhord, ach gurbh iad cuntais an Fhorais Teanga a bheadh le faomhadh go hoifigiúil ag an Bhord agus ag Bord an Fhorais Teanga in am agus i dtráth.

04.171 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D’fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh an Leas-Chathaoirleach sa chathaoir.

Thug Cathaoirleach an Choiste tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar 22 Feabhra 2019. Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim Scoláireachtaí 2019 agus glacadh leis sin.

Ainm Eagrais	Uimh. thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge	1901001	€40,380	€40,380
Cumann an Phiarsaigh	1901002	€10,000	€10,000
Gael Linn	1901003	€30,144	€30,144

D’fhill an Cathaoirleach ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.

Thug an Bord suntas don nóta eolais ó Ghaeloideachas. Léiríodh inní i leith ceadú leasuithe buiséid do na Ceanneagraíochtaí, i bhfianaise an chéatadáin aird de bhuiséad Fhoras na Gaeilge a bhí ag dul i dtreo na gCeanneagraíochtaí, agus i bhfianaise an bhrú a bhí ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge mar atá, agus maoiniú ag teastáil le haghaidh tionscnaimh teanga eile. Thug an Bord suntas don tuairisc ar na ceardlanna feasachta agus ghlac siad leis an mholadh ceardlanna a reáchtáil ag imeachtaí a mbeidh tinreamh réasúnta ag freastal orthu mar shampla Oireachtas na Gaeilge, Fleadhanna Ceoil srl. Iarradh na ceantair ar imeall na Gaeltachta a chur san áireamh i bhfeachtas 2019 freisin.

D’fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú ag an phointe seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim Deontas Cholmcille agus glacadh leis na moltaí sin.

Ainm Eagrais	Uimh. thag	Méid lorgtha	Méid molta
Glór Uachtar Tíre	CC18008	£820	£820
Ó Duinchinn, Kelly & MacInnes	CC18014	£11,704.50	£5,000
Scoil Samhraidh Willy Clancy	CC18016	€6,000	€4,500
Comhairle Fhear Manach agus na hÓmaí	CC18017	£1,500	£1,500
An Clár as Gaeilge	CC18019	€12,000	€12,000
Cumann Mhic Reachtain	CC18008	£4,000	£3,500
Féile na Gealaí	CC18025	€8,000	€4,000

D’fhill M. Ní Chonghaile ag an phointe seo. D’fhág S. Ní Chéide agus G. McElwain an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Rinne an Coiste na moltaí seo i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta 2019 agus glacadh leis na moltaí sin (**Aguisín 1**). Rinne an Coiste moladh go bhfógrófaí an Scéim arís sa chéad seachtain de mhí Mheán Fómhair 2019, agus glacadh leis an mholadh sin. Moladh go bhfiosrófaí athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir na scéime le nach mbronnfaí maoiniú ach ar chompántais drámaíochta feasta, seachas dreamanna atá ag eagrú imeachtaí drámaíochta. Iarradh ardú feasachta a dhéanamh i measc na gcompántas amaitéarach. Ardaíodh ceist an sárú ar na critéir a bhí i gceist i gcás iarrthóirí ar ceadaíodh deontas dóibh cé nár chompántas drámaíochta iad. Iarradh ar an fheidhmeannas an cheist a fhiosrú.

Rinne an Coiste moladh maidir leis na hiarratais atá ag fáil maoinithe ó scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge agus glacadh leis an mholadh sin.

Ainm Eagrais	Uimh. thag	Méid lorgtha	Méid molta
Aisling Ghéar	1801052.02	£30,000	£24,000
Branar Téatar do Pháistí	1801052.08	€50,000	€10,000
High Rock Productions	1801052.13	€50,000	€19,000

D’fhill S. Ní Chéide agus G. McElwain ag an phointe seo.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €80,524 a cheadú do Scéim Scoláireachtaí 2019.
- Chinn an Bord deontas de €32,522 a cheadú do Scéim Deontas Cholmille.
- Chinn an Bord deontas de €209,729 a cheadú do Scéim na gCompántas Drámaíochta 2019.

Coiste Forbartha

Thug Leas-Chathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 25 Feabhra. Míníodh gur pléadh an luacháil ar an chur chuige comhpháirtíochta agus go raibh comhlacht nua le haimsiú anois le tabhairt faoin luacháil. Míníodh gur pléadh dul chun cinn ar an Phlean Straitéiseach freisin.

Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 25 Feabhra. Cuireadh in iúl gur pléadh ráiteas dearbhúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh do na Ranna, an clár rioscaí, roinnt tuairiscí a d'ullmhaigh an tIniúcháir Inmheánach, mar aon leis an phróiseas tairisceana don Iniúcháir Inmheánach. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Mhínigh an Cathaoirleach gur tugadh faoi deara nach raibh tagairt i miontuairiscí Boird an 13 Aibreán 2018 gur phléigh an Coiste Iniúchta dréacht-chuntais Fhoras na Gaeilge do 2017, cé go raibh tagairt dóibh ina tuairisc scríofa do chruinniú Boird 13 Aibreán 2018. D'aontaigh an Coiste go ndéanfadh sí a thuairisciú don Bhord gur phléigh an Coiste dréacht-chuntais 2017 go sonrach ag cruinniú an 23 Márta 2018 agus go raibh an Coiste sásta leo.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 11 Feabhra. Cuireadh in iúl gur pléadh táscairí feidhmíochta ard-leibhéil a bhí aontaithe don eagraíocht in 2018 mar aon le conradh Tuairisc.ie, litir thairisceana Chumann na bhFiann agus an t-athbhreithniú ar an chur chuige comhpháirtíochta.

Coiste Cholmille

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 8 Feabhra. Cuireadh in iúl gur pléadh Comóradh Cholmille 2020/2021 agus an ócáid ar an 8 Meitheamh i mBaile Átha Cliath le feacht a ardú ar an Chomóradh. Pléadh an Scéim Deontas agus an spriocdháta d'iarratais. Míníodh go raibh deacrachtaí le córam agus go gcaithfeadh an Bord aghaidh a thabhairt ar an cheist sin.

05.171 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 28 FEABHRA 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 28 Feabhra 2019. Ardaíodh ceist faoi chothabháil an Fhoclóra Nua Béarla Gaeilge, agus ar an ábhar nach raibh an Stiúrthóir a bhí freagrach as an réimse ná an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i láthair, go gcuirfí eolas ar fáil ina leith sin do chomhaltaí roimh an chéad chruinniú Boird eile. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 28 Feabhra 2019. Ghlac an Bord leis na ceangaltas agus leis an díscríobh do 2018. Ardaíodh ceist faoi chaiteachas ag deireadh na bliana ó mhaoiniú a bhí le hathdháileadh, agus míníodh go mbeadh eolas á thabhairt do Choiste na nDeontas ina leith agus go ndéanfaí tuairisciú don Bhord dá réir.

06.171 COMHFHREAGRAS

Míníodh go raibh comhfhreagras faighte ó dhá iarrthóir nár éirigh lena n-iarratas ar Scéim na bhFéilte agus go raibh an fheidhmeannas ag plé leo. Pléadh comhfhreagras a bhí faighte ón Roinn Pobal i dtaca le Gradaim na Banríona agus glacadh le moltaí ina leith.

07.171 AON GHNÓ EILE

Aontaíodh go mbeadh lá oiliúna ar rialachas corparáideach don Bhord ann ar 15 Aibreán sa cheannáras i mBaile Átha Cliath. Aontaíodh go scaipfí féilire na gcrúinnithe coistí do 2019 ar an Bhord mar eolas.

Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go raibh post úr faighte S. Uí Choinne agus go mbeadh sí ag fágáil a poist i bhForas na Gaeilge roimh an chéad Chruinniú Boird eile, i ndiaidh 10 mbliana ar an fhoireann. Rinneadh a ceapachán úr a thréaslú léi. Tugadh ard-mholadh agus buíochas di as ardchaighdeán a cuid oibre, as a tiomantas agus as a díograis don Bhord agus d'Fhoras na Gaeilge, agus guíodh gach dea-mhéin uirthi ina post úr.

SEISIÚN GAN FEIDHMEANNAS

Bhí seisiún ag an Bhord gan an feidhmeannas i láthair.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
26 Aibreán 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	1/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	2/9	✓	✓						
Seán Mícheál Ó Domhnaill	2/9	✓	✓						
Gráinne McElwain	2/9	✓	✓						
Bláthnaid Ní	1/9	✓	X						
Seán Ó hArgáin	1/9	✓	X						
Seán Ó Coistealbha	2/9	✓	✓						
Conor McGuinness	1/9	✓	X						
Barra Ó Muirí	2/9	✓	✓						
Maighréd Ní Chonghaile	2/9	✓	✓						
Mairéad Farrell	2/9	✓	✓						
Máire Ní Neachtain	2/9	✓	✓						
Sorcha Ní Chéide	1/9	X	✓						
Niall Ó Gallochobhair	1/9	✓	X						

Aguisín 1: Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2019

[Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.]

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Contae	Costas an Tionscadal €	Costas an Tionscadal £	Méid á lorg €	Méid á lorg £	Méid Molta €	Méid Molta £	Marc Faighte
1801052.11	Graffiti Theatre Company	Corcaigh	€40,975		€29,775		€15,000		82%
1801052.02	Aisling Ghéar	Aontroim		£145,570		£30,000		£24,000 (€26,667)	80%
1801052.10	Fibín	Gaillimh	€198,500		€34,200		€27,360		80%
1801052.12	Guthanna Binne Sioraí	BÁC	€23,000		€16,000		€12,800		80%
1801052.13	High Rock Productions	BÁC	€135,000		€50,000		€19,000		77%
1801052.04	Axis	BÁC	€20,200		€12,700		€10,000		77%
1801052.14	Splódar	Liatroim	€20,000		€16,000		€11,680		76%
1801052.15	Mumbro Top	BÁC	€19,200		€18,400		€14,000		76%
1801052.01	Ababú	Antroim		£24,780		£13,180		£10,000 (€11,111)	73%
1801052.09	Éiriú Dance Company Ltd.	BÁC	€100,030		€20,634		€10,000		72%
1801052.07	Artistic Productions T/A Stiúdeó Cuan	Gaillimh	€105,000		€40,000		€18,000		70%
1801052.03	Armagh Rhymers (Cleamairí Ard Mhacha)	Ard Mhacha		£29,595		£28,095		£10,000 (€11,111)	69%
1801052.16	Tuismitheoirí na Gaeltachta	Gaillimh	€19,000		€19,000		€8,000		69%
1801052.06	Aisteoirí an Lóchrainn	Ceatharlach	€1,652		€1,200		€1,000		68%
1801052.05	Aisteoirí Bhréanainn	Ciarraí	€11,000		€6,000		€4,000		65%
1801052.08	Branar	Gaillimh	€222,150		€50,000		€10,000		60%

lamlán	€1,049,282	£71,275 = 79,194.44	€376,159	£71,275	€160,840	£44,000=(€ 48,889)	Ráta 0.90
--------	------------	------------------------	----------	---------	----------	-----------------------	--------------

lamlán €209,729

Buiséad €209,768

Fuilteach €39.00

Incháilithe ach ag brath ar buiséad

1801052.17	Moonfish Theatre Company	Gaillimh	€85,550		€49,850		€6,000		57%
------------	--------------------------	----------	---------	--	---------	--	--------	--	-----

**Miontuairiscí ón 172ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Aibreán 2019 i
gColáiste na Rinne, Rinn Ó gCuanach, Dún Garbhán, Co Phort Láirge**

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha agus S. Ní Chéide.

Leithscéal: M. Farrell, N. Ó Gallchóir agus S. Ó hArgáin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin, É. Ó hArgáin (Rúnaí), agus C. Ní Chonghaile.

Leithscéal: J. Ó Labhraí

Tháinig D. Ó Conghaile agus C. Ó Faoláin, Cathaoirleach & Rúnaí Choiste Dhún Garbhán le Gaeilge, i láthair roimh thús an chruinnithe le fáilte a chur roimh Fhoras na Gaeilge.

Ritheadh rún comhbhróin le J. Ó Labhraí ar bhás a mhná céile, Rhona, le P. Ó Farachtáin ar bhás a mháthar, agus le hA. Ní Ghallachair, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, ar bhás a hathar.

Léirigh an Cathaoirleach buaireamh faoin eolas a cuireadh ar fáil do na meáin maidir le cúrsaí an Bhoird. Threisigh sé a thábhachtaí a bhí sé do chlú Fhoras na Gaeilge, agus do mheanma na ngnáthbhall foirne nach leanfaí den chleachtas, go raibh am an fheidhmeannais shinsearaigh á chur amú leis, agus go raibh gnáthbhaill foirne ag mothú go raibh siad ina n-eala mhagaidh sa phobal dá bharr. Rinne sé trácht ar na socruithe slándála breise a bhíodhas a bheartú.

Chuir sé in iúl go raibh díomá air nach raibh ach ceathrar comhaltaí as an trí dhuine dhéag ar an Bhord i láthair ag an cheardlann oiliúna ar rialachas corparáideach, tromaíocht agus ciapadh san ionad oibre. Mheabhraigh sé do chomhaltaí go raibh sé de dhualgas orthu freastal ar oiliúint, gurb í an RCOG ar iarratas ón Aire a d’eagraigh an cheardlann oiliúna. Mhínigh sé go raibh oifigeach sinsearach de chuid RCOG i ndiaidh míshástacht faoin drochfhreastal a chur in iúl dó, gur bhain costas nach beag leis an cheardlann, agus go mbeadh an tAire ag scríobh chuige i leith na ceiste. Tá treoir tugtha ag RCOG don Chathaoirleach go gcaithfear an cheardlann a eagrú in athuir ar chostas Fhoras na Gaeilge a luaithe agus is féidir le haghaidh na gcomhaltaí nach raibh i láthair.

01.172 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Iarradh ceartú a bheith déanta ar mhiontuairiscí Chruinniú Boird 8 Márta 2019 faoi Mhír 04.171 Tuairisc ó Choistí Fhoras na Gaeilge, Coiste na nDeontas, sa mhír ar Scéim na gCompántas Drámaíochta 2019, mar seo a leanas:

“Ardaíodh ceist an sárú ar na critéir a bhí i gceist i gcás iarrthóirí ar ceadaíodh deontas dóibh cé nár chompántas drámaíochta iad. Iarradh ar an fheidhmeannas an cheist a fhiosrú”

Dhearbhaigh an feidhmeannas nach raibh sárú ar na critéir i gceist.

Ardaíodh ceist maidir le cruinniú le hÚdarás na Gaeltachta agus chuir an Cathaoirleach in iúl nach raibh dáta faighte go fóill ó ÚnaG.

D'fhaomh an Bord an maoiniú eisceachtúil de €45,297 a íocadh le Cumann na bhFiann i mí Feabhra chun costais tuarastail a chlúdach i dtús na bliana sular shínigh siad a litir thairisceana. Míníodh go raibh an maoiniú ceadaithe go heisceachtúil ag an PF, i gcomhairle leis an Chathaoirleach, roimh Chruinniú Boird an 8 Márta 2019, de réir Scéim Tarmhligin Fhoras na Gaeilge. Níor faomhadh an íocaíocht ag Cruinniú Boird an 8 Márta 2019, de bharr go raibh an Bord ag iarraidh go rachfaí an PF i gcomhairle leis an Iníúchóir Inmheánach lena chinntiú nach raibh sárú ar rialachas corparáideach i gceist. Dearbhaíodh go raibh sin déanta agus gurbh é tuairim an Iníúcháir Inmheánaigh nach raibh sárú i gceist.

Cuireadh in iúl go mbeadh tuairisc maidir le Cumann na bhFiann faoi bhráid an chéad chruinnithe eile de Choiste na nDeontas agus go gcuirfeadh Cathaoirleach an Choiste nuashonrú air sin san áireamh agus tuairisc á cur ar fáil ag an chéad chruinniú Boird eile.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 8 Márta 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.172 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh baol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir an B. Ó Muirí in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige féin i dtaca le Scéim Mór-Imeachtaí Ealaíon 2019, agus chuir M. Ní Chonghaile in iúl go raibh coimhlint leasa aici i dtaca le Scéim Campaí Samhraidh 2019. D'ardaigh roinnt comhaltaí ceisteanna faoi bhaol coimhlint leasa. Bhí plé cuimsitheach ar an gceist maidir le baol coimhlintí leasa na gcomhaltaí Boird. Mar chuid den phlé chuir B. Ní Chofaigh in iúl nár tháinig baol ar bith maidir le coimhlint leasa i gceist as a fostaíocht, agus go raibh comhfhreagras scríofa aici chuig an Chathaoirleach ina leith sin. Cuireadh in iúl gur pléadh an cheist go mion ag an cheardlann oiliúna, agus go mbeadh sé ar an chlár ag an cheardlann oiliúna a bhí le heagrú do chomhaltaí Boird nach raibh i láthair ag an chéad cheann.

03.172 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. D'iarr comhaltaí go mbeadh eolas breise sa tuairisc feasta ar na cruinnithe a raibh baill an fheidhmeannais shinsearaigh ag freastal orthu. Cuireadh in iúl go mbeadh nasc á sheoladh chuig comhaltaí do na físeáin a rinne Foras na Gaeilge le deontaithe mar chuid den mhórfheachtas feasachta ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge. Chuir comhaltaí in iúl go mbeadh siad sásta freastal ar chruinnithe oiriúnacha i gcuideachta leis an fhoireann ardbhainistíochta dá mbeadh ciall leis.

Cuireadh in iúl go raibh an chéad chruinniú de Choiste Comhairleach Údarás Craolacháin na hÉireann ar 4 Aibreán agus go gcuirfí tuairisc ar obair an choiste faoi bhráid an Bhoird ar 6 Nollaig.

Aontaíodh go gcuirfí Straitéis Gaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil do chomhaltaí. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú á lorg leis an Aire Cumarsáide, Richard Bruton, TD. chun an tAcht Craolacháin agus soláthar don Ghaeilge ar stáisiúin phobail agus thráchtála a phlé.

Moladh deontas breise de €27,000 d'Oireachtas na Gaeilge le haghaidh riaradh na Mór-Ghradam Liteartha do 2019. Ghlac an Bord leis an mholadh.

04.172 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 11 Aibreán.

D'fhág B. Ó Muirí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Mór-Imeachtaí Ealaíon 2019.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid molta
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta)	1901007.02	€36,000	€14,500
Féile Dhuibh Linne Teoranta (<i>Gaelspraóí</i>)	1901007.03	€18,202	€7,300
The Gap Arts Festival	1901007.05	€6,373	€2,000
Féile an Phobail	1901007.06	£50,000	£8,000
Comhaltas Ceoltóirí Éireann (Fleadh Cheoil na hÉireann)	1901007.07	€8,027	€5,500
Comhairle Contae Dhún na nGall (An Fhéile Phan)	1901007.09	€15,000	€8,500
Gael Phobal Ard Mhacha	1901007.10	£2,740	£1,600

Moladh go gcuirfí níos béime ar phoiblíocht na scéime seo, agus go bhfiosrófaí comhpháirtíocht le hoifigigh ealaíona sna húdaráis áitiúla agus le hEalaíon na Gaeltachta maidir le poibliú na scéime.

D'fhill B. Ó Muirí ag an pointe seo.

D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Campaí Samhraidh 2019 agus glacadh leis sin. Míníodh go raibh easpa maoinithe ann don scéim seo, agus cé go raibh iarratais go leor ann a bhí incháilithe nach bhféadfaí iad uile a mhaoiniú.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid molta
Scéim na gCampaí Samhraidh 2019	1901012 & 1901013	€148,065

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca leis An Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta
Gaelscoil Aodha Dhuibh	1901005	£73,000	£73,000
Cúram Leanaí na Fuiseoige	1901006	£73,000	£73,000

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Cholmcille.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Glór na Speiríní	CC18022	£9,000	£8,500

D'fhill M. Ní Chonghaile ag an phointe seo.

Ardaíodh ceist faoin mhaoiniú a ndearnadh athdháileadh air i ndeireadh 2018. Cuireadh in iúl go raibh tuairisc ullmhaithe ina leith sin le cur faoi bhráid Choiste na nDeontas ach gur socraíodh gan í a phlé de bharr nach raibh na comhaltaí a raibh spéis léirithe sa cheist, agus a d'iarr an tuairisc i láthair ar an dá chruinniú dheireanacha de Choiste na nDeontas. Dearbhaíodh go mbeadh an cuntas á chur ar fáil don chéad chruinniú eile den Choiste.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €148,065 a cheadú do Scéim na gCampaí Samhraidh 2019.
- Chinn an Bord deontas de €48,467 a cheadú do Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2019.
- Chinn an Bord deontas de £73,000 a cheadú do Gaelscoil Aodha Dhuibh.
- Chinn an Bord deontas de £73,000 a cheadú do Cúram Leanaí na Fuiseoige.
- Chinn an Bord deontas de £8,500 a cheadú do Ghlór na Speiríní.

An Coiste Forbartha

Ar an ábhar nach raibh cathaoirleach an Choiste i láthair ar an chruinniú deiridh den Choiste Forbartha ar an 15 Aibreán, thug Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh. Tugadh eolas don Bhord i leith an treo smaointeoireachta maidir le scéimeanna na meán scríofa (seirbhís nuachta ar líne, iris stíl mhaireachtála agus iris chlóite). Cuireadh in iúl go mbeadh comhairle á fáil ag an choiste agus go mbeadh cinntí tábhachtacha le déanamh ag an Bhord i leith an réimse seo, a d'fhéadfadh a bheith conspóideach. Beidh cáipéis chomhairliúcháin ag teacht faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú Boird an 14 Meitheamh agus cuirfear comhairliúchán poiblí 8 seachtaine ar bun ina dhiaidh sin. Beidh moladh deiridh ag teacht faoi bhráid an Bhoird ar an bhealach chun cinn ag cruinniú Boird an 13 Meán Fómhair. Ghabh Cathaoirleach an Choiste buíochas leis an Leas-Chathaoirleach as an tuairisc a ullmhú.

An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 25 Márta. Thug an Bord suntas don Ráiteas maidir le Rialúchán Inmheánach Airgeadais ó chuntais 2018, agus Ráiteas Dearbhúcháin Ráithe maidir le Rialachas Corparáideach inmheánach. D'fhaomh an Bord an Clár Rioscaí.

Cuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go raibh tuairisc ar dhul chun cinn leis an Straitéis Feasachta iarrtha don chéad chruinniú eile. Iarradh a fhiosrú den Iniúchóir Inmheánach an raibh sé inmholta cóip de dhréacht-chuntais 2018 a chur sa dropbox do chomhaltaí, nó arbh fhearr fanacht go mbeadh an leagan oifigiúil deiridh faoi réir.

Cuireadh in iúl don Bhord go raibh moill le cuntais fhaofa 2017 a leagan sa dá theach Rialtais thuaidh agus theas ach gur bhain an mhoill leis na Ranna agus ní leis An Fhoras Teanga. Moladh go bpléifeadh an Coiste Iniúchta ar chóir an riosca a bhaineann leis seo do chlú Fhoras na Gaeilge a chur leis an Chlár Rioscaí.

Cuireadh an cruinniú ar athló ag an phointe seo le haghaidh na gcur i láthair ó M. S. Bhreatnach agus I. Ó Ceallaigh.

07.172 CUIR I LÁTHAIR

Tháinig Oifigeach Forbartha Gaeilge Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge M. S. Bhreatnach i láthair an chruinnithe le cur i láthair a dhéanamh ar an obair atá idir lámha ag Cumann Oifigigh Ghaeilge na nÚdarás Áitiúil, agus bhí plé ina leith. D'iarr comhaltaí go gcuirfí cóipeanna den chur i láthair ar fáil. Gabhadh buíochas as an chur i láthair agus d'fhág sí an cruinniú.

Tháinig Oifigeach Pleanála Teanga LPT na nDéise, I. Ó Ceallaigh, i láthair an chruinnithe le cur i láthair a dhéanamh ar an obair atá idir lámha aige, agus bhí plé ina leith. D'iarr comhaltaí go gcuirfí cóipeanna den chur i láthair ar fáil. Gabhadh buíochas as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

Cuireadh tús leis an chruinniú in athuair.

04.172 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar 25 Márta. Cuireadh in iúl go raibh plé ar dhréacht de tháscairí feidhmíochta ard-leibhéil don Phríomhfheidhmeannach, don eagraíocht agus do na Stiúrtóireachtaí do 2019, mar aon le nuashonruithe ar shíneadh ama do chonarthaí Tuairisc.ie, ar litir thairisceana Chumann na bhFiann agus ar an athbhreithniú ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta.

Coiste Cholmcille

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 22 Márta. Rinneadh tagairt do chruinniú i gcomhair le Bòrd na Gàidhlig i nGlaschú maidir le Comóradh Cholmcille 2020/2021. Cuireadh in iúl go mbeadh ócáid ar an 8 Meitheamh in Ard-Teampall Chríost i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le feasacht a thógáil ar chuimhneachán 1500 bliain Cholmcille san ardchathair agus i measc institiúidí cultúrtha.

Cuireadh in iúl go raibh an chéad chruinniú eile de Choiste Cholmcille á eagrú ar an Fhál Carrach ar an 10 Bealtaine, le go mbeidh baill an Choiste ábalta freastal ar shiúlóid ó Ghleann Bheatha go Gartán, ionad breithe Cholmcille.

05.172 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 MÁRTA 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus an buiséad athbhreithnithe go 31 Márta 2019 agus ghlac an Bord leis.

06.172 COMHFHREAGRAS

Rinneadh tagairt don tuairisc a chuir Cumann Chluain Ard chuig comhaltaí Boird roimh Nollaig 2019, agus ardaíodh an cheist cén fáth nach raibh admháil curtha chuig rúnaí an Chumainn go bhfuarthas an tuairisc. Míníodh gur cuireadh an tuairisc chuig líon mór daoine, comhaltaí Boird san áireamh agus nach raibh sé soiléir mar sin go raibh an tuairisc á cur go hoifigiúil mar chomhfhreagras chuig Foras na Gaeilge. Aontaíodh go gcuirfí admháil chuig rúnaí an Chumainn.

07.172 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeadh bogearra nua le haghaidh cáipéisí Boird á úsáid don chéad chruinniú eile a bheidh níos sábháilte ná an córas reatha. Dá réir sin, ní bheidh úsáid á baint feasta as dropbox nuair atá an córas nua i bhfeidhm.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
14 Meitheamh 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	0/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	1/9	✓	✓	✓					
Seán Mícheál Ó Domhnaill	1/9	✓	✓	✓					
Gráinne McElwain	1/9	✓	✓	✓					
Bláthnaid Ní	1/9	✓	X	✓					
Seán Ó hArgáin	1/9	✓	X	X					
Seán Ó Coistealbha	1/9	✓	✓	✓					
Conor McGuinness	1/9	✓	X	✓					
Barra Ó Muirí	1/9	✓	✓	✓					
Maighréd Ní Chonghaile	1/9	✓	✓	✓					
Mairéad Farrell	1/9	✓	✓	X					
Máire Ní Neachtain	1/9	✓	✓	✓					
Sorcha Ní Chéide	1/9	X	✓	✓					
Niall Ó Gallchóir	1/9	✓	X	X					

**Miontuairiscí ón 173ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 14 Meitheamh 2019 in Oifigí
Fhoras na Gaeilge, Ráth Chairn, Co na Mí**

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, M. Farrell, N. Ó Gallochobhair, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha agus S. Ní Chéide.

Leithscéal: B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile, G. McElwain agus S. Ó hArgáin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, É. Ó hArgáin (Rúnaí), L. Ní Fhaogáin agus C. Ní Chonghaile.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig oifig Fhoras na Gaeilge i Ráth Chairn agus rinne sé cur síos ar chúlra agus ar obair Chlár na Leabhar Gaeilge atá lonnaithe san oifig.

Ritheadh rún comhbhrón le B. Ó Muirí ar bhás a sheanathar Peadar, le A. Mac Cormaic ar bhás a mháthar, Alice, agus le B. Nic an Iomaire ar bhás a fear céile, Liam.

Rinneadh comhghairdeas leis na comhaltaí B. Ó Muirí agus C. McGuinness ar éirigh leo suíochán a fháil sna toghcháin le déanaí.

Iarradh go mbeadh cruinniú gan Feidhmeannas i ndiaidh an Chruinnithe Boird i Ráth Chairn, agus d'ontaigh an Cathaoirleach leis sin.

Iarradh ar an gCathaoirleach go gcuirfí na buanorduithe ar ceal, agus rialaigh an Cathaoirleach gan sin a dhéanamh.

01.173 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

D'ardaigh comhalta boird ceist maidir le deacrachtaí teacht ar cháipéisí boird ar an iPad. Cuireadh in iúl go bhfuil tacaíocht ar fáil maidir le haon deacracht teicneolaíochta. Cuireadh in iúl go ndearnadh cinneadh ag Cruinniú Boird i mí an Mhárta nach mbeadh fáil ach ar leaganacha leictreonacha de cháipéisí Boird chun slándáil na gcáipéisí a chinntiú.

Dearbhaíodh gur ar an bPríomhfheidhmeannach atá an fhreagracht cáipéisí do na Cruinnithe Boird a chur ar fáil.

01.172 Scéim na gCompántas Drámaíochta 2019. Ardaíodh ceist an raibh sárú ann ar chritéir na scéime. Cinntíodh go ndearnadh é sin a sheiceáil agus dearbhaíodh nach raibh sárú na gcritéir i gceist.

02.172 Coimhlint Leasa. Iarradh go leasófaí na miontuairiscí lena léiriú go raibh plé cuimsitheach ar an gceist maidir le baol coimhlint leasa na gcomhaltaí. Aontaíodh go mbeadh taifead sna miontuairiscí gur cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag comhalta ach gur séanadh é sin. Iarradh go mbeadh tagairt sna miontuairiscí do chomhfhreagras leis an gCathaoirleach maidir leis an gceist seo.

04.172 **An Coiste Iniúchta.** Ardaíodh ceist an raibh Tuarascáil Bhliantúil 2017 foilsithe, agus soiléiríodh nach raibh. Cuireadh ceist maidir le soiléiriú a iarradh ar chruinniú Boird an 26 Aibreán ar chóir dréachtaí de chuntais bhliantúla a chur ar fáil don Bhord sula seolfaí chuig an dá Rialtas iad. Soiléiríodh gurbh é an chomhairle a fuarthas ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste nár chóir.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 26 Aibreán 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.173 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an mBord an raibh baol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag B. Ní Chofaigh, agus G. McElwain (nach raibh i láthair) maidir leis an doiciméad Comhairliúcháin faoi *Athbhreithniú ar Mhaoiniú Fhoras na Gaeilge d'Earnáil na Meán Gaeilge clóite agus ar líne* a bhí le plé ag an gcruinniú inniu. Chuir sé in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag M. Ní Chonghaile (nach raibh i láthair) maidir le Scéim na nImeachtaí Óige.

03.173 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Thug an Bord suntas do na tuairiscí seo leanas:

- An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge (Tuairisc thréimhsiúil don tréimhse ó Ráithe 4 2018 go dtí 31 Bealtaine 2019, agus ar a bhfuil beartaithe i Ráithe 2 agus 3, 2019)
- Seirbhísí sainchomhairliúcháin maidir le caidreamh poiblí (Iúil 2017 – Feabhra 2019)
- Bliain na Gaeilge – 2018 (Tuairisc (nuashonraithe) ar Bhliain na Gaeilge)
- Leasú ar bhuiséid Chumann na bhFiann
- Athdháileadh bhuiséad 2018 Fhoras na Gaeilge
- Cheadaigh an Bord deontas de £1,750 don Ghaeláras (Uimhir thagartha 1901012.03) faoi Scéim na gCampaí Samhraidh, 2019.

Rinneadh plé ar an mhír a bhain le Gaillimh 2020 agus moladh go mbeadh comhaltaí boird áitiúla i láthair ag na cruinnithe más féidir.

04.173 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 31 Bealtaine.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim na gCoimisiún, 2019 agus glacadh leis sin.

Ainm	Méid molta
Scéim na gCoimisiún, 2019	€140,480

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Meantóireachta 2019 agus glacadh leis sin.

Ainm	Méid molta
Scéim Meantóireachta 2019	€39,500

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim na nImeachtaí Óige 2019-2020 agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid molta 2019	Méid Molta 2020
Scéim na nImeachtaí Óige	1901016 & 1901017	€331,641	€132,180.44	€115,644.67

Níor éirigh le gach iarratas a bhí incháilithe don scéim mar gheall ar easpa airgid. Chuir Cathaoirleach Choiste na nDeontas in iúl go raibh féidearthachtaí ann breis airgid a chur ar fáil don scéim tar éis an athdháilte buiséid.

Ardaíodh ceist faoi dheontais a chur ar fáil d’eagraíochtaí nach raibh a n-ainm i nGaeilge. Iarradh ar an bhfeidhmeannas a chur in iúl d’iarrthóirí má bhí an Ghaeilge ina n-ainm míchruinn.

Soiléiríodh go mbeadh tuairisc leathbhliana ar fheidhmíocht Chumann na bhFiann á cur i láthair an Bhoird ag cruinniú mhí Iúil.

Tuairiscíodh nótaí eolais i leith na nithe seo a leanas:

- Leasú ar bhuiséid Chumann na bhFiann
- Athdháileadh bhuiséad 2018 Fhoras na Gaeilge

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €140,480 a cheadú do Scéim na gCoimisiún, 2019.
- Chinn an Bord deontas de €39,500 a cheadú do Scéim Meantóireachta 2019.
- Chinn an Bord deontas de €247,825 (€132,180.44 (2019) & €115,644.67 (2020)) a cheadú do Scéim na nImeachtaí Óige, 2019-20

An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha tuairisc ó bhéal ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 13 Meitheamh.

Tuairiscíodh go ndearnadh plé ar chóraim ar chruinnithe, ar bhaol coimhlint leasa ag comhalta maidir leis an gcáipéis chomhairliúcháin ar na meáin chlóite agus ar líne, ar an gcomhairliúchán ar threo straitéiseach Fhoras na Gaeilge, ar an Athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus ar chaighdeán na teanga i gcáipéisí comhairliúcháin. Tuairiscíodh go mbeadh síneadh ama á chur leis an iarraidh ar thairiscintí don Athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta de bharr ganntanas iarratas. Míníodh gur shocraigh Cathaoirleach an Choiste gan plé a dhéanamh ar an gcáipéis chomhairliúcháin ar na meáin chlóite agus ar líne de bharr baol coimhlint leasa, agus go raibh sin á cur ar aghaidh chuig an gcruinniú Boird lena plé.

D’ardaigh Cathaoirleach an Bhoird ceist faoi bhaol coimhlint leasa an chomhalta chéanna, agus chinn sé go raibh baol coimhlint leasa i gceist agus chomhairligh sé don chomhalta gan a bheith i láthair don phlé dá bharr. Socraíodh an plé a chur siar go dtí deireadh an chláir le himeacht an chomhalta a éascú.

Coiste Cholmcille

Thug Cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 10 Bealtaine. Bhí plé ag an gcruinniú ar Straitéis Cholmcille, Scéimeanna Deontas Cholmcille, Slí Cholmcille, Tuairisc ar chruinniú le rúnaí cúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Comóradh Cholmcille 2020/2021 agus siúlóid ó Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha go Gartán. Tuairiscíodh gur éirigh go hiontach leis an ócáid in Ard-Teampall Chríost i mBaile Átha Cliath ar an 8 Meitheamh, agus tugadh ardmholadh don fheidhmeannas as a heagrú.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 28 Bealtaine. Cuireadh in iúl go raibh plé ar tháscairí feidhmíochta ard-leibhéil don Stiúrtóireacht Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta do 2019, mar aon le tuairisc ar dhul chun cinn maidir le hInfheisteoirí i nDaoine, folúntais ar an bhfoireann, an t-athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus an t-athbhreithniú ar mhaoiniú do na meáin.

05.173 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINÉ 2019 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus buiséad athbhreithnithe go 31 Bealtaine agus ghlac an Bord leis.

Cuireadh an Clár Rioscaí go Márta 2019 faoi bhráid an chruinnithe agus glacadh leis.

06.173 COMHFHREAGRAS

Léadh litir ó Stiúrtóirí An Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta.

07.173 AON GHNÓ EILE

Rinneadh plé ar an doiciméad comhairliúcháin maidir le *Athbhreithniú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge d'Earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne* a cuireadh siar ón tuairisc ón gCoiste Forbartha.

Rialaigh an Cathaoirleach go raibh baol coimhlint leasa i gceist do B. Ní Chofaigh, agus bhí plé fada ar an gceist. D'iarr B. Ní Chofaigh go gcláróidh sna miontuairiscí nár aontaigh sí le cinneadh an Chathaoirligh agus d'fhág sí an cruinniú. D'fhág S. Ó Coistealbha an cruinniú ag an bpointe seo le tacú leis an gComhalta a bhí faoi strus. Mhol an Cathaoirleach go bpléifí an cheist seo go mion leis an saineolaí ar Rialachas Corparáideach le linn na ceardlainne i ndiaidh an chruinnithe Boird. Léirigh Comhalta Boird an-mhíshuaimhneas lenar tharla. Fiosraíodh an plé a bhí idir an Cathaoirleach agus B. Ní Chofaigh faoin ábhar agus deimhníodh gur comhfhreagras scríofa amháin a bhí eatarthu. Moladh go labródh an Cathaoirleach leis an gComhalta Ní Chofaigh

Chuir an Stiúrtóir Seirbhísí Forbartha an doiciméad comhairliúcháin i láthair agus pléadh é. Moladh roinnt leasuithe ar an gcáipéis agus ghlac an Bord léi.

Cuireadh in iúl gur tháinig cuireadh ó Oifigeach Pleanála Teanga Limistéar Pleanála Teanga na Mí do na comhaltaí Boird chuig seoladh Fhéile na Gealaí a bheidh ar siúl i Ráth Chairn ag an deireadh seachtaine.

Beidh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl i mBéal Feirste ar an Aoine, an 26 Iúil 2019.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
26 Iúil 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	0/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	1/9	✓	✓	✓	✓				
Seán Mícheál Ó Domhnaill	1/9	✓	✓	✓	✓				
Gráinne McElwain	1/9	✓	✓	✓	X				
Bláthnaid Ní Chofaigh	1/9	✓	X	✓	✓				
Seán Ó hArgáin	1/9	✓	X	X	X				
Seán Ó Coistealbha	1/9	✓	✓	✓	✓				
Conor McGuinness	1/9	✓	X	✓	✓				
Barra Ó Muirí	1/9	✓	✓	✓	X				
Maighréd Ní Chonghaile	1/9	✓	✓	✓	X				
Mairéad Farrell	1/9	✓	✓	X	✓				
Máire Ní Neachtain	1/9	✓	✓	✓	✓				
Sorcha Ní Chéide	1/9	X	✓	✓	✓				
Niall Ó Gallochobhair	1/9	✓	X	X	✓				

Miontuairiscí ón 174ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Iúil 2019 in Oifigí Fhoras na Gaeilge, Teach an Gheata Thiar, 2-4 Sráid na Banríona, Béal Feirste

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, N. Ó Gallochobhair, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ní Chéide, B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile agus S. Ó hArgáin.

Leithscéal: M. Farrell agus G. McElwain.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus L. Ní Fhaogáin

Leithscéal: É. Ó hArgáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig oifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste.

Cuireadh in iúl go mbeadh Cruinniú gan Feidhmeannas ann i ndiaidh an Chruinnithe Boird agus go mbeadh fáilte roimh gach Comhalta Boird freastal air sin.

01.174 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Iarradh roinnt leasuithe sna miontuairiscí – go luafaí: gur iarradh go mbeadh cruinniú gan Feidhmeannas i ndiaidh an Chruinnithe Boird i Ráth Chairn, agus gur aontaigh an Cathaoirleach leis sin; go gcuirfí na buanorduithe ar ceal, agus gur rialaigh an Cathaoirleach gan sin a dhéanamh; “Dhearbhaigh” a leasú go “Rialaigh” i mír a 7; agus na leasuithe seo a leanas a chur leis an mhír chéanna: “Léirigh Comhalta Boird an-mhíshuaimhneas lenar tharla. Fiosraíodh an plé a bhí idir an Cathaoirleach agus an Comhalta faoin ábhar agus deimhníodh gur comhfhreagras scríofa amháin a bhí eatarthu. Moladh go labhródh an Cathaoirleach leis an gComhalta” agus “D’fhág S. Ó Coistealbha an cruinniú ag an bpointe seo le tacú leis an gComhalta a bhí faoi strus.”.

D’iarr beirt Chomhaltaí go gcuirfí cóip de na buanorduithe chucu arís.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 14 Meitheamh 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.174 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an mBord an raibh baol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine.

Chuir P. Ó Gallchóir in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige i dtaca le Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta.

Chuir B. Ó Muirí in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige i dtaca le Scéim Pobal Gaeilge agus Scéim Deontas Cholmcille.

Chuir M. Ní Chonghaile in iúl nár dhóigh léi go raibh baol coimhlint leasa aici maidir le Cumann na bhFiann ná le Scéim Pobal Gaeilge. Bhí plé fada ar an gceist, agus chuir M. Ní Chonghaile in iúl gur mhol an Príomhfheidhmeannach di i gcomhrá gutháin roimh an chruinniú go bpléifeadh sí an cheist roimh an chruinniú leis an Chathaoirleach agus le saineolaí ó Navigo a bhí i ndiaidh oiliúint a chur ar fáil don Bhord thar ceann RCOG. Dúirt sí nach raibh baol coimhlint leasa aici maidir le Cumann na

bhFiann. Chuir sí in iúl go raibh a comhairle féin faighte aici faoin Scéim Pobal Gaeilge agus de réir na comhairle sin gur mheas sí nach raibh aon bhaol coimhlint aici leis an scéim sin. Rinneadh an pointe go bhfuil trí fholúntas ar Bhord Fhoras na Gaeilge faoi láthair agus go gcailleann comhaltaí cruinnithe anois agus arís; go bhfuil riosca ann d'éifeachtacht an Bhoird nuair a fhágann comhaltaí eile cruinnithe mar gheall ar bhaol coimhlint leasa ar a bharr seo ar fad.

Tagraíodh do na príomhthagairtí do bhaol coimhlint leasa sa Chód Iompair agus do Pholasáí Fhoras na Gaeilge maidir le baol coimhlint leasa.

Ardaíodh ceist faoi Chomhaltaí a bhfuil saineolas ar leith acu a bheith imithe as cruinniú mar gheall ar Bhaol Coimhlint Leasa. Dúradh gurbh é an dea-chleachtas ná saineolas neamhspleách a thabhairt isteach ón taobh amuigh nuair is gá.

03.174 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo leanas:

- Cruinnithe agus ócáidí
- Tuairisc ar athruithe fostaíochta san eagraíocht
- Cúrsaí Corparáideacha

1. b) Bhí plé ar roinnt ceisteanna a bhain le cúrsaí foirne: laethanta foirne; meon na foirne; líon na ndaoine ag imeacht ón eagraíocht; socruithe do ghrinnfhiosrúchán póilíneachta maidir le cumhdach leanáí agus daoine soghonta.

1. c) Ceistíodh fiúntas cuid de na cruinnithe a luaitear sa tuairisc. Bhí plé ar an eolas a chuirtear ar fáil don Bhord maidir le cruinnithe a bhíonn ag an bhfeidhmeannas le heagraíochtaí eile.

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil na cruinnithe le heagraíochtaí seachtracha ag eascairt as na pleannanna gnó, corparáideacha agus straitéiseacha atá ag Foras na Gaeilge agus atá faofa ag an mBord. Chuir sé in iúl go bhfuil an tsraith de chruinnithe le húdaráis áitiúla atá á n-eagrú faoi láthair ag eascairt as sprioc a d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach leis an mBord le tógáil ar an ngaol atá ag Foras na Gaeilge leis an earnáil poiblí, go háirithe i gcomhthéacs na bpleannanna teanga do na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge. D'iarr B. Ní Chofaigh go mbeadh sí i láthair ag cruinniú le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí. Léiríodh an tuairim go bhfuil sé tábhachtach go leanfaí leis an gcur chuige go mbeadh an feidhmeannas agus na Comhaltaí ag obair le chéile sa chaoi seo.

1. g) Thug an Cathaoirleach cuntas ar an méid a pléadh ag an gcruinniú leis an Aire Oideachais agus Scileanna le déanaí.

Aguisín 1- Luachanna Fhoras na Gaeilge

Nótáil an Bord an tuairisc ar Luachanna Fhoras na Gaeilge.

Aguisín 2-Tuairisc Leathbhliana ar Fheidhmíocht Chumann na bhFiann

Nótáil an Bord an Tuairisc Leathbhliana ar Fheidhmíocht Chumann na bhFiann.

Thug E. Ní Chorráin cur i láthair ar fheidhmíocht Chumann na bhFiann sa chéad leath de 2019 agus bhí plé fada ina leith. Aontaíodh go bhfuil Cumann na bhFiann ag feidhmiú go sásúil i dtaca leis na

feidhmeanna atá aontaithe ag Foras na Gaeilge leo ar an mórgóir: bhí ceisteanna go leor ag comhaltaí Boidr faoi na feidhmeanna féin, áfach. Ardaíodh ceisteanna faoi leathadh geografach clubanna óige ar fud an oileáin; iomaíocht idir eagraíochtaí éagsúla óige; feasacht; agus buiséad Chumann na bhFiann a bheith róbheag don tseirbhís a bhfuil súil againn léi uathu. Ardaíodh an cheist a bhfuilimid ag díriú ar na tosaíochtaí cearta sa mhór-réimse atá aontaithe leis an CATT maidir le cúrsaí óige.

Aguisín 3-Comharba ar Scéim Pobal Gaeilge
D'fhág B. Ó Muirí an cruinniú mar gheall ar Bhaol Coimhlint Leasa.

Rialaigh an Cathaoirleach go raibh baol coimhlint leasa ag M. Ní Chonghaile i dtaca le Scéim Pobal Gaeilge. Bhí plé fada ag an mBord ar an gceist. Léirigh roinnt comhaltaí an tuairim go raibh sé róluath i bpróiseas forbartha na scéime nua chun go dtiocfadh baol coimhlint leasa i gceist, agus nach raibh cinnteacht ar bith ann go gcuirfeadh an eagraíocht a raibh M. Ní Chonghaile ar a choiste stiúrtha isteach ar an scéim nua.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé buartha go gcuirfí próiseas forbartha na scéime nua ó mhaith dá bpléifí moltaí ar threocht na Scéime amach anseo agus comhaltaí i láthair a raibh rialaithe aige ina leith go raibh baol coimhlint leasa acu. Moladh go nglacfaí leis an cháipéis, agus ghlac an Bord leis an moladh.

D'fhill B. Ó Muirí ar an gcruinniú ag an bpointe seo.

Aguisín 4 – Measúnú agus Luacháil ar Fheidhmíocht an Chur Chuige Comhpháirtíochta
D'fhág S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Míníodh nár thángthas ar chomhlacht ná ar dhuine le tabhairt faoin tionscadal tríd an iarraidh ar thairiscintí don tionscadal luachála. Léiríodh inní nach bhfuil duine ar bith ar fáil le tabhairt faoina leithéid de thionscadal. Cuireadh tuairisc i láthair an Bhoird maidir leis an gcur chuige molta le tabhairt faoin luacháil, bhí plé ina leith, agus glacadh leis.

Moladh go mbeadh ceanródaí oilte neodrach ag obair leis na Ceanneagraíochtaí. Moladh gur chóir go mbeadh léargas níos soiléire ar na gnéithe ar chóir díriú orthu.

Léiríodh inní nach mbeadh an próiseas neamhspleách dá ndéanfaí go himmheánach é. Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh sé i gceist 3 chuid a dhéanamh den tionscadal agus sainchomhairleoirí neamhspleácha a cheapadh le tabhairt faoi na codanna éagsúla sin, agus go mbeadh an tuairisc dheireanach le hullmhú ag duine neamhspleách.

Ghlac an Bord leis an gcur chuige molta.

D'fhill S. Ó hArgáin. ar an gcruinniú ag an bpointe seo.

04.174 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Athbhreithniú ar Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-2022

D'fhág P. Ó Gallchóir an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa, agus chuaigh an Leas-Chathaoirleach sa chathaoir.

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar an athbhreithniú ar Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-2022. Ghlac an Bord leis an gcur chuige athbhreithnithe.

D'fhill P.Ó Gallchóir ar an gcrúinniú ag an bpointe seo, agus chuaigh sa chathaoir in athuair.

Scéim Deontas Cholmcille

D'fhág B. Ó Muirí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim Deontas Cholmcille 2019 agus glacadh leo:

Ainm	Méid molta
Armagh Pipers Club	£3,500
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair	£1,252

[Tá faisnéis fágtha ar lár thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1& 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtas maidir le Saoráil Faisnéise.]

D'fhill B. Ó Muirí ar an gcrúinniú ag an bpointe seo.

Nótáil an Bord cáipéis ar Scéim na nImeachtaí Óige agus cáipéis ar leasú buiséid Ghaeloideachais.

Cinntí:

- Ghlac an Bord leis an athbhreithniú ar Scéim na Scoláireachtaí;
- Chinn an Bord deontas de £3,500 a cheadú do Armagh Pipers Club; agus
- Chinn an Bord deontas de £1,252 a cheadú do Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair.

[Tá faisnéis fágtha ar lár thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1& 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtas maidir le Saoráil Faisnéise.]

Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 8 Iúil 2019.

Chuir S. Ó Coistealbha in iúl go raibh sé ag éirí as an gCoiste Iniúchta agus raibh sé i dteagmháil leis an Chathaoirleach.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 8 Iúil 2019.

Coiste Cholmcille

Thug Cathaoirleach Choiste Cholmcille cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 4 Iúil 2019.

05.174 RÁITEAS CAITEACHAIS go 30 MEITHEAMH 2019 agus BUISÉAD ATHBHREITHNITHE go 31 NOLLAIG 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus an buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019 agus ghlac an Bord leis.

Cuireadh an Clár Rioscaí go hAibreán 2019 faoi bhráid an chruinnithe agus glacadh leis.

06.174 COMHFHREAGRAS

Tagraíodh do dhá litir ón Roinn Oideachais agus Scileanna – ceann amháin ag tabhairt cuireadh d'Fhoras na Gaeilge iarratas a chur isteach chun a bheith mar eagraíocht ainmnithe chun ainmniúcháin a thabhairt do cheapacháin ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus an dara ceann ag glacadh leis an iarratas ó Fhoras na Gaeilge agus ag iarraidh ar Fhoras na Gaeilge dhá ainmniúchán (bean agus fear) a chur chuig gach ceann de na 16 BOO.

Léirigh Comhaltaí míshásamh nach raibh an feidhmeannas i dteagmháil leo ar lorg comhairle san obair seo agus míníodh go raibh na spriocanna ama an-teann ar fad. Iarradh critéir na n-ainmniúchán a chur ar fáil do na Comhaltaí mar aon le liosta de na daoine atá ainmnithe cheana féin, agus iarradh go gcuirfeadh Comhaltaí moltaí d'ainmniúcháin chuig an bhfeidhmeannas.

07.174 AON GHNÓ EILE

Iarradh go seolfadh Comhaltaí Boird na foirmeacha Éileamh ar Chostais Taistil chuig L. Ní Fhaogáin as seo amach.

Pléadh na socrúithe atá i bhfeidhm maidir le teagmháil a dhéanamh le comhaltaí, agus fiosraíodh an bhféadfaí teacht ar chaoi leis an ríomhphost oifigiúil a nascadh leis an ríomhphost pearsanta chun go mbeadh sé níos fusa teacht air.

Cuireadh in iúl gur Decision Time amháin a bheadh in úsáid feasta do dháileadh na gcáipéisí Boird.

Aontaíodh go bhfuil seisiún traenála eile ar Decision Time ag teastáil, agus dúradh go gcuirfí sin ar fáil i ndiaidh an Chruinnithe Boird i mí Mheán Fómhair.

Ardaíodh ceist faoi RGCS mar a bhaineann le Decision Time. Léirigh roinnt comhaltaí inní gurbh fhéidir le Decision Time rianú a dhéanamh ar rochtain comhaltaí ar na cáipéisí Boird. Aontaíodh go

bhfiosrófaí an féidir eolas a bhailiú trí Decision Time faoin áit a ndearna comhaltaí rochtain ar a gcuid cáipéisí Boird nó faoin am a ndearnadh sin.

Ardaíodh an cheist an é an cleachtas é ainmneacha comhaltaí a lua sna miontuairiscí. Shoiléirigh an Príomhfheidhmeannach gurb é an gnáthchleachtas gan ainmneacha a lua ach amháin má bhíonn cúis ar leith leis an ainm a lua, nó más gá an t-ainm a lua chun go mbeidh brí leis an tagairt.

Ardaíodh ceist faoi na sonraí maidir le comhfhreagras a roinntear leis an mBord. Cuireadh in iúl go gcuirtear faoi bhráid an Bhoird aon chomhfhreagras cuí a bhaineann le gnó an Bhoird.

Beidh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an Aoine, an 13 Meán Fómhair 2019.

Plésheisiún ar Plean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2020-2022

Rinne an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2020-2022 agus bhí plé ina leith. Ardaíodh an pointí seo a leanas:

- An tábhacht le polaiteoirí, go háirithe polaiteoirí sna húdaráis áitiúla, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge (teagmháil a dhéanamh leo agus áiseanna);
- An tábhacht le tosaíocht a dhéanamh de CLG maidir le deiseanna úsáide;
- An tábhacht a bhaineann le hiardhaltaí gael scolaíochta – taighde a dhéanamh ar a n-iompraíocht teanga i ndiaidh iad imeacht ón scoil;
- An bhfuil gá le hinstiúid taighde don Ghaeilge sa chóras oideachais;
- Tosaíocht a dhéanamh de chumainn Ghaelacha in instiúidí tríú leibhéal;
- An gá le ceannródaíocht (rólmhúnlá) maidir le húsáid na Gaeilge go poiblí;
- An gá le feachtas feasachta ar thábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht Éireannach;
- An gá le cur lenár dtionchar le polaiteoirí agus le hairí Rialtais;
- An tábhacht a bhaineann le himirceoirí agus an próiseas saoránachta;
- An gá le heolas a chur ar fáil don phobal maidir le ranganna Gaeilge, agus maidir le deiseanna úsáide Gaeilge;
- Gur chóir tacaíocht lárnach a chur ar fáil do chiorcail chomhrá (áiseanna teagaise a chur ar fáil dóibh);
- Feachtas macasamhail *Operation Transformation* d'fhoghlaim na Gaeilge

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
13 Meán Fómhair 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	0/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	5/9	✓	✓	✓	✓	✓			
Seán Mícheál Ó Domhnaill	5/9	✓	✓	✓	✓	✓			
Gráinne McElwain	3/9	✓	✓	✓	X	X			
Bláthnaid Ní Chofaigh	4/9	✓	X	✓	✓	✓			
Seán Ó hArgáin	2/9	✓	X	X	X	✓			
Seán Ó Coistealbha	5/9	✓	✓	✓	✓	✓			
Conor McGuinness	4/9	✓	X	✓	✓	✓			
Barra Ó Muirí	4/9	✓	✓	✓	X	✓			
Maighréd Ní Chonghaile	4/9	✓	✓	✓	X	✓			
Mairéad Farrell	3/9	✓	✓	X	✓	X			
Máire Ní Neachtain	5/9	✓	✓	✓	✓	✓			
Sorcha Ní Chéide	4/9	X	✓	✓	✓	✓			
Niall Ó Gallochobhair	3/9	✓	X	X	✓	✓			

Miontuairiscí ón 175ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 13 Meán Fómhair 2019 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, N. Ó Gallochobhair, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile, G. McElwain agus S. Ó hArgáin.

Leithscéal: M. Farrell, S. Ní Chéide

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí (ar an bhfíschomhdháil) agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig Ceannáras Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh in iúl go bhfuil cáipéis Comhairle Shaineolach maidir le Baol Coimhlint Leasa ó na Ranna Coimircíochta agus Navigo ar fáil ar Decision Time.

Ritheadh rún comhbhróin leis an bPríomhfheidhmeannach ar bhás a uncaíl agus le L. Ní Fhaogáin ar bhás a seanmháthar.

Cuireadh in iúl go mbeadh seisiún traenála ar Decision Time ann inniu agus go mbeadh seisiún gan feidhmeannas ann i ndiaidh an Chruinnithe Boird.

Cuireadh in iúl do Chomhaltaí Boird go bhfuil fáilte rompu teagmháil a dhéanamh leis an gCathaoirleach, leis an Rúnaí, leis na Stiúrthóirí nó le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh am ar bith má bhíonn ceisteanna acu nó má bhíonn eolas á lorg acu, agus nach gá dóibh fanacht go dtí an Cruinniú Boird chun an t-eolas sin a lorg, agus gur le stiúrthóirí amháin ba chóir plé a dhéanamh maidir le gnóthaí Fhoras na Gaeilge.

01.175 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

06.174 Mhínigh Comhalta nach raibh na cáipéisí Boird léite aige ar an ábhar nach raibh cóip chlóite díobh ar fáil.

06.174 Ardaíodh ceist faoi staid an phróisis a bhaineann le hainmniúcháin a thabhairt do na Boird Oideachais agus Oiliúna. Cuireadh in iúl gur iarradh síneadh ama ar na Boird Oideachais agus Oiliúna agus gur cuireadh ainmneacha ar aghaidh chucu ansin. Aontaíodh gur gá ár gcur chuige a fheabhsú chun go mbeadh deis níos fearr ionchur a dhéanamh sa phróiseas ainmniúcháin. Míníodh go raibh an tréimhse ama a chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil d’Fhoras na Gaeilge chun na hainmniúcháin a dhéanamh an-ghairid. Dearbhaíodh go ndéanfaí socrúithe anois lena chinntiú go mbeadh níos mó ama ar fáil an chéad uair eile a bheadh ainmniúcháin le déanamh (2024), agus go mbeadh taighde déanta roimh ré le teacht ar na daoine is fearr do na hainmniúcháin.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 26 Iúil 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.175 COIMHLINT LEASA

Ní raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine.

03.175 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo leanas:

- Cruinnithe agus ócáidí
- Tuairisc ar athruithe fostaíochta
- Próisis tairisceana

Tugadh cuntas ar an méid a pléadh ag an gcrúinniú le hÚdarás na Gaeltachta ar an 27 Lúnasa 2019.

1. a) agus b) Moladh go mbeadh sé ina bhuntáiste plé a bheith déanta leis an gCoimisinéir Teanga maidir leis na cruinnithe leis na Príomhfheidhmeannaigh sna Comhairlí Contae.

Rinneadh plé fada ar an chomhchrúinniú le hÚdarás na Gaeltachta a bhíodhas a bheartú d'Oireachtas na Gaeilge. Moladh leas a bhaint as an meáin shóisialta leis an gcomhchrúinniú le hÚnaG a phoibliú. Pléadh bealaí éagsúla ar féidir le comhaltaí Boird Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta comhoibriú lena chéile.

Aguisín 1-Tuairisc ar Réimse na hÓige

Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach tuairisc ar Réimse na hÓige i láthair, ar mhór-réimse oibre agus ar fheidhmeanna Chumann na bhFiann, agus ar an gcúis ar ceapadh iad mar Cheanneagraíocht sa réimse 'Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasáin do Dhaoine Óga'. Bhí plé i leith na tuairisce. Cuireadh in iúl go bhfuil Cumann na bhFiann ag feidhmiú de réir na bhfeidhmeanna a aontaíodh leo, ag éirí as cinneadh CATT in 2014, agus go bhfuil siad ag feidhmiú go sásúil maidir leo ar an iomlán. Aithníodh go bhfuil dúshlán ar leith i mór-réimse na hóige a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu. Míníodh gurb iad sannadh an mhór-réimse agus na bhfeidhmeanna, bunaithe ar chinneadh an CATT in 2014, an bealach lena chinntiú go mbeifí ag díriú ar na tosaíochtaí. Cuireadh in iúl go mbeadh cead na Ranna de dhíth, in éagmais an CATT, dá mbeadh an mór-réimse le hathrú.

Fiosraíodh an bhféadfaí taighde a dhéanamh i réimse na hóige in Éirinn agus thar lear chun tuiscint a fháil ar an gcaoi is éifeachtaí le dul i ngleic leis na dúshláin. Ardaíodh ceist faoi dhúbailt san earnáil, agus iomaíocht idir eagraíochtaí óige Gaeilge, agus faoin gcaoi chun dul i bhfeidhm ar iardhaltaí gaelscolaíochta. Aithníodh go bhfuil réimse na hóige nasctha le feidhmíocht na gCeanneagraíochtaí eile freisin, agus gur chóir iad a thabhairt san áireamh sa phlé. Aontaíodh go raibh ról le himirt ag na grúpaí Scéim Pobal Gaeilge sa réimse seo chomh maith. Deimhníodh gurb é an Coiste Forbartha a bheadh ag plé na ceiste seo mar chuid den Athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta.

Aguisín 2-Tuairisc ar chomhairliúchán Fhoras na Gaeilge ar Athbhreithniú ar Earnáil na Meán Gaeilge Clóite agus ar Líne

Cuireadh an tuairisc achomair faoi bhráid an Bhoird.

Tuairiscíodh go bhfuarthas 107 aighneacht ón bpróiseas comhairliúcháin faoi athbhreithniú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge d'Earnáil na Meán Gaeilge clóite agus ar líne, go ndearnadh anailís neamhspleách ar na haighneachtaí sin agus gur cuireadh an t-eolas sin ar aghaidh chuig na

Comhaltaí. Cuireadh in iúl nach raibh an mhórchuid de na haighneachtaí ag teacht le moltaí Fhoras na Gaeilge.

Ardaíodh an cheist ar chóir comhairliúchán níos ginearálta a dhéanamh leis an bpobal. Tuairiscíodh go bhfuil go leor bearnaí sa chomhairliúchán, agus go bhfuil go leor daoine nár chuir a dtuairimí in iúl, mar shampla coistí SPG, na Limistéir Pleanála Teanga, na Líonraí Gaeilge, cuid de na Ceanneagraíochtaí, agus dreamanna éagsúla eile atá gníomhach i ngluaiseacht na Gaeilge. Míníodh go raibh bac ar Fhoras na Gaeilge bualadh leis na soláthraithe reatha le ceisteanna tráchtála a phlé de bharr go bhféadfadh sin teacht salach ar phróiseas tairisceana tráchtála amach anseo, agus go bhféadfadh impleachtaí dlí eascairt as sin.

Chuir an feidhmeannas in iúl a ndearcadh nach bhféadfaí leanúint le moltaí Fhoras na Gaeilge, ar an ábhar go raibh tromlach chomh mór sin de na haighneachtaí ag cur ina n-éadan.

Ar an ábhar nach raibh cruinniú ann den Choiste Forbartha roimh an gcruinniú Boird, leis an gceist seo a phlé, ghlac an Bord leis an rún a leanas;

- (i) go gceadófaí don fheidhmeannas síneadh bliana a thairiscint do na soláthraithe reatha, ach gan na tairiscintí sin a dhéanamh go dtí go mbeadh deis ag an gCoiste Forbartha an cheist a phlé go luath.

Aguisín 3-Scéim Pobal Gaeilge

Cuireadh in iúl nach mbeadh tús á chur leis an bpróiseas comhairliúcháin ar SPG mar a bhí socraithe, ar chomhairle ó na Ranna coimircíochta. Míníodh go mbeadh cead de dhíth ó na Ranna coimircíochta maidir leis na moltaí de bharr gur cinneadh den CATT a cheadaigh an cur chuige reatha. Tuairiscíodh go bhfuil deacrachtaí leis an scéim reatha agus go mbeadh athruithe móra de dhíth uirthi don chéad scéim eile.

Aontaíodh go rachadh an cheist seo chuig an gCoiste Forbartha lena plé, agus ansin ar ais chuig an mBord ag an gcruinniú i mí na Samhna.

Tháinig M. Ó Maolruanaidh i láthair an chruinnithe chun Seisiún Traenála ar Decision Time a dhéanamh.

Ghabh an Cathaoirleach a bhuíochas le M. Ó Maolruanaidh agus d'fhág sé an cruinniú.

04.175 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Leasú Buiséid – Glór na nGael – Iúil 2019

Nótáil an Bord Leasú Buiséid do Ghlor na nGael.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 4 Meán Fómhair 2019.

05.175 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA 2019 agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019, agus ghlac an Bord leis.

Cuireadh an Clár Rioscaí go hIúil 2019 faoi bhráid an chruinnithe agus glacadh leis.

06.175 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

07.175 AON GHNÓ EILE

Tugadh nuashonrú ó bhéal ar dhul chun cinn leis an leagan clóite den fhoclóir ar líne. Cuireadh in iúl go mbeadh tuairisc thréimhsiúil scríofa faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú 1 Samhain 2019.

Dearbhaíodh go bhfuil athbhreithniú déanta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an treoír a bhaineann le hAon Duine Aon Tuarastal, agus go bhfuilimid ag fanacht le treoír bhreise ó na Ranna agus RCPA faoin gcaoi a mbaineann sé le comhaltaí Fhoras na Gaeilge.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
1 Samhain 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	1/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	6/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Seán Mícheál Ó Domhnaill	6/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Gráinne McElwain	4/8	✓	✓	✓	X	X	✓		
Bláthnaid Ní Chofaigh	5/8	✓	X	✓	✓	✓	✓		
Seán Ó hArgáin	3/8	✓	X	X	X	✓	✓		
Seán Ó Coistealbha	6/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Conor McGuinness	5/8	✓	X	✓	✓	✓	✓		
Barra Ó Muirí	5/8	✓	✓	✓	X	✓	✓		
Maighréd Ní Chonghaile	5/8	✓	✓	✓	X	✓	✓		
Mairéad Farrell	3/8	✓	✓	X	✓	X	X		
Máire Ní Neachtain	6/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Sorcha Ní Chéide	4/8	X	✓	✓	✓	✓	X		
Niall Ó Gallochobhair	4/8	✓	X	X	✓	✓	✓		

Miontuairiscí ón 176ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 1 Samhain 2019 ag Oireachtas na Gaeilge, in Óstán an Citywest, Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, C. McGuinness, M. Farrell, S. Ní Chéide, B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile, G. McElwain agus S Ó hArgáin.

Leithscéal: B. Ní Chofaigh, N. Ó Gallochobhair, M. Ní Neachtain agus S. Ó Coistealbha

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, agus L. Ní Fhaogáin

Leithscéal: J. Ó Labhraí

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig Oireachtas na Gaeilge in Óstán an Citywest.

Cuireadh in iúl go mbeadh cur i láthair ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge ann i ndiaidh an Chruinnithe Boird.

01.176 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 13 Meán Fómhair 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.176 COIMHLINT LEASA

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag S. Ó hArgáin i dtaca leis na Ceanneagraíochtaí agus ag M. Ní Chonghaile i dtaca le Scéim Pobal Gaeilge.

03.176 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo leanas:

- Cruinnithe agus ócáidí
- Cúrsaí Corparáideacha

3. a) iii) An luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta - Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag súil leis seo a chur i gcrích go luath an bhliain seo chugainn.

3. a) iv) Clódóirí don leagan clóite den Fhoclóir Béarla-Gaeilge - Ardaíodh an cheist an mbeadh maoiniú breise de dhíth chun an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge a chur i gcló. Cuireadh in iúl go bhfuil a dhóthain sa bhuiséad le líon áirithe cóipeanna a chur i gcló agus dá mbeadh fuilleach sa bhuiséad ag deireadh na bliana ó thionscadail eile, go ndéanfaí an dara clóirith a ordú.

Ardaíodh ceist maidir leis na Comhaltaí Boird a mbeadh deireadh ag teacht lena dtréimhsí ar Bhord Fhoras na Gaeilge ag deireadh na bliana. Tuairiscíodh go bhfuil deireadh le teacht le tréimhsí cúigear Comhaltaí Boird ag deireadh na bliana agus go bhfuil na ranna coimircíochta agus an Chomhrúnaíocht á phlé seo faoi láthair.

Aguisín 1-An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge-Tuairisc Thréimhsiúil don Bhord

Cuireadh an tuairisc faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh fáilte roimh cheisteanna maidir léi.

Cuireadh in iúl go mbeadh an cur i láthair ar an bhFoclóir ag deireadh an chruinnithe dírithe ar an bpróiseas iomlán a bhaineann leis an bhFoclóir, ní ar an tuairisc thréimhsiúil seo.

Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir leis an spriocam, an costas, agus an praghas a bheadh air.

Aguisín 2- Páipéar ar Chomóradh 20 Bliain de bhunú na socruithe Thuaidh Theas

Cuireadh an cháipéis faoi bhráid an Bhoird.

Tagraíodh do na tionscnaimh a dtabharfaí fúthu don chomóradh 20 bliain. Cuireadh in iúl go bhfuil meitheal oibre curtha ar bun san Fhoras chun tabhairt faoi thionscadail éagsúla. Tuairiscíodh go bhfuilimid ag iarraidh aitheantas a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí mar chuid den Chomóradh freisin.

Rinneadh plé ar an gcáipéis.

Moladh cuireadh a thabhairt d'Airí Stáit agus do pholaiteoirí freastal ar an ócáid atá á pleanáil do mhí Eanáir 2020.

04.176 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an ggruinniú ar an 18 Deireadh Fómhair 2019.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca leis an Áisaonad do 2020 agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Maoiniú Tionscadail 2020 (An tÁisaonad)	1901033	£272,486 (€302,762)	£272,486 (€302,762)

D'fhág S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Conradh na Gaeilge do 2020 agus glacadh leis.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Conradh na Gaeilge)	1901032	€832,457	€832,457

Cuireadh in iúl gur moladh an maoiniú do Chumann na bhFiann ag an ggruinniú deireanach de Choiste na nDeontas, ar an gcoinníoll go lorgófaí tuilleadh eolais chainníochtúil maidir leis an eagraíocht agus tuairiscíodh go bhfuair Cathaoirleach an Choiste an t-eolas sin.

Bhí plé cuimsitheach ann maidir leis an maoiniú do Chumann na bhFiann. Tugadh soiléiriú ar na pointí seo a leanas:

- i. go bhfuil na spriocanna atá leagtha síos don eagraíocht á mbaint amach acu, bunaithe ar na feidhmeanna a aontaíodh leo;
- ii. go mbeifí ag leanúint ar aghaidh leis na cruinnithe ráithiúla agus cruinnithe breise má bhíonn gá leo; agus
- iii. go mbeadh na critéir mhaoinithe don mhór-réimse le hathbhreithniú mar chuid den athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus go mbeadh sin le ceadú ag na Ranna, agus an CATT.

Deimhníodh freisin go mbeadh deis ag an bpobal atá ag baint leas as seirbhísí na gCeanneagraíochtaí a dtuairimí a léiriú orthu mar chuid den athbhreithniú.

Iarradh ar an bhfeidhmeannas athbhreithniú a dhéanamh ar an modh tuairiscithe maidir le hiarratais na gCeanneagraíochtaí, le go mbeadh béim ar an eolas is tábhachtaí.

Aithníodh go bhfuil an-obair déanta ag an bhFeidhmeannas sa phróiseas measúnaithe agus gur próiseas daingean atá ann.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Cumann na bhFiann do 2020 agus glacadh leis.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Cumann na bhFiann)	1901026	€745,136	€745,136

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Gael Linn do 2020 agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Gael Linn)	1901025	€650,183	€650,183

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Gaeloideachas do 2020 agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Gaeloideachas)	1901029	€708,562	€708,562

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Glór na nGael do 2020 agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Glór na nGael)	1901028	€1,078,615	€1,078,615

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le hOireachtas na Gaeilge do 2020 agus glacadh leis.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Ceanneagraíochtaí 2020 (Oireachtas na Gaeilge)	1901030	€622,594	€622,594

Tuairiscíodh nóta eolais i leith leasú ar bhuiséad Chumann na bhFiann.

Cuireadh in iúl go bhfuil ciorclán nua i bhfeidhm maidir le scálaí pá anois agus go mbeadh leasú i mbuiséid na gCeanneagraíochtaí ar fad roimh dheireadh na bliana dá bharr.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de £272,486 (€302,762) a cheadú don Áisaonad
- Chinn an Bord deontas de €832,457 a cheadú do Chonradh na Gaeilge
- Chinn an Bord deontas de €745,136 a cheadú do Chumann na bhFiann
- Chinn an Bord deontas de €650,183 a cheadú do Ghael Linn
- Chinn an Bord deontas de €708,562 a cheadú do Ghaeloideachas
- Chinn an Bord deontas de €1,078,615 a cheadú do Ghlor na Gael
- Chinn an Bord deontas de €622,594 a cheadú d'Oireachtas na Gaeilge

D'fhill S. Ó hArgáin ar an gcrúinniú.

An Coiste Forbartha

Nótáil an Bord tuairisc ó Chathaoirleach an Choiste Forbartha ó chruinniú an 4 Deireadh Fómhair 2019.

An Coiste Iniúchta

Nótáil an Bord tuairisc ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchta ó chruinniú an 21 Deireadh Fómhair 2019.

An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 21 Deireadh Fómhair 2019.

Coiste Cholmcille

Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 4 Meán Fómhair 2019.

05.176 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 Meán Fómhair 2019 agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019, agus ghlac an Bord leis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas;

- i. go bhfuilimid ar sprioc ó thaobh cúrsaí caiteachais i gcomparáid leis an am seo anuraidh agus blianta eile
- ii. go bhfuil cúrsaí díolacháin ÁIS an-mhaith
- iii. toisc nach ndearna an RCOG an buiséad do na Líonraí agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta a fhaomhadh go dtí le déanaí, nach mbeadh am go leor ann anois an buiséad iomlán sin a tharraingt agus a chaitheamh idir seo agus deireadh na bliana, agus ar an ábhar gur maoiniú imfhálaithe atá ann, nach mbeadh cead an maoiniú sin a chur i dtreo rud ar bith eile.

Tuairiscíodh go mbeadh plé ann ag tús 2020 ar an gcaoi a bpléitear le hiarratais ar mhaoiniú lasmuigh de na scéimeanna, chun próiseas níos éifeachtaí a shocrú.

Cuireadh an Clár Rioscaí go Deireadh Fómhair 2019 faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis.

06.176 PLEAN GNÓ 2020, PLEAN CORPARÁIDEACH 2020-2022, COMHAONTÚ SEIRBHÍSE 2019

Plean Gnó 2020

Cuireadh an dréacht is déanaí den cháipéis faoi bhráid an Bhoird agus ghlac an Bord leis.

Tuairiscíodh go bhfuilimid ag fanacht ar threoir ón dá Roinn maidir le cúrsaí airgeadais ar an ábhar nach bhfuil feidhmeannas ann ó thuaidh.

Plean Corparáideach 2020-2022

Cuireadh an dréacht is déanaí den cháipéis faoi bhráid an Bhoird agus ghlac an Bord leis.

Tuairiscíodh go bhfuilimid ag druidim le deireadh thréimhse an Phlean Chorporáidigh reatha in Meitheamh 2020, agus go bhfuil Plean 2020-2022 bunaithe ar an Treo Straitéiseach 5 bliana.

Tuairiscíodh go bhfuilimid ag fanacht ar threoir ón dá Roinn maidir le cúrsaí airgeadais ar an ábhar nach bhfuil feidhmeannas ann ó thuaidh.

Comhaontú Seirbhíse 2019

Cuireadh an comhaontú faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh in iúl go bhfuil dréacht de feicthe ag na Ranna agus go bhfuil siad sásta leis.

Ghlac an Bord le Comhaontú Seirbhíse 2019.

07.176 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD IN 2020

Ghlac an Bord leis an moladh maidir le Cruinnithe Boird in 2020.

08.176 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

09.176 MOLADH MAIDIR LE Scéim Pobal Gaeilge

D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Cuireadh an moladh maidir le Scéim Pobal Gaeilge faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh in iúl go bhfuiltear a mholadh síneadh ama sé mhí a cheadú don 22 deontaí reatha de Scéim Pobal Gaeilge don tréimhse go dtí 31 Nollaig 2020 chun an próiseas athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Cuireadh in iúl nach mbeadh ísliú ar an mbuiséad á mholadh. Tuairiscíodh go bhfuiltear ag súil le tús a chur le scéim nua roimh dheireadh 2020, ach cead a fháil ó na Ranna sin a dhéanamh.

Ghlac an Bord leis an moladh maidir le Scéim Pobal Gaeilge.

D'fhill M.Ní Chonghaile ar an gcrúinniú.

10.176 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeadh Cruinniú Boird mhí na Nollag 2019 ar siúl sa Cheannáras, i mBÁC chun gur féidir an cruinniú den Fhoras Teanga a bheith ar siúl i mBÁC an lá céanna.

11.176 CUR I LÁTHAIR

Tháinig P. Ó Mianáin agus C. Breathnach i láthair an chruinnithe.

Thug siad cur i láthair ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge.

Rinneadh comhghairdeas le foireann an Fhoclóra as an obair ar fad atá déanta acu.

Cuireadh in iúl go mbeadh seisiún eolais ar an bhFoclóir ar siúl inniu ar 4.00i.n. agus go mbeadh fáilte roimh na Comhaltaí ar fad freastal ar an seisiún sin.

Gabhadh buíochas le P. Ó Mianáin agus le C. Breathnach agus d'fhág siad an cruinniú.

**Pól Ó Gallchóir,
Cathaoirleach
6 Nollaig 2019**

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/19	08/03/19	26/04/19	14/06/19	26/07/19	13/09/19	1/11/19	06/12/19
Pól Ó Gallchóir	7/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Seán Mícheál Ó Domhnaill	7/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Gráinne McElwain	5/8	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	
Bláthnaid Ní Chofaigh	5/8	✓	X	✓	✓	✓	✓	X	
Seán Ó hArgáin	4/8	✓	X	X	X	✓	✓	✓	
Seán Ó Coistealbha	6/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	
Conor McGuinness	6/8	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	
Barra Ó Muirí	6/8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Maighréd Ní Chonghaile	6/8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Mairéad Farrell	4/8	✓	✓	X	✓	X	X	✓	
Máire Ní Neachtain	7/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	
Sorcha Ní Chéide	5/8	X	✓	✓	✓	✓	X	✓	
Niall Ó Gallochobhair	5/8	✓	X	X	✓	✓	✓	X	

Miontuairiscí ón 177ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 6 Nollaig 2019 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, C. McGuinness, M. Farrell, S. Ní Chéide, B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, agus S. Ó hArgáin.

Leithscéal: N. Ó Gallochobhair

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí (ar an bhfíschomhdháil) S. Ó hEidhin, agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig Ceannáras Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ann inniu ar 10.30r.n. agus go dtionólfáí an dara cuid den Chruinniú Boird ina dhiaidh sin.

Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas le B. Ní Chofaigh ar a post nua le RTÉ agus le S. Ó hArgáin ar a cheapachán mar uachtarán ar Ghaeloideachas.

Tuairiscíodh go dtiocfadh deireadh le tréimhse bhallraíochta cúigear Comhaltaí Boird ar an 12 Nollaig 2019. Tagraíodh don litir a fuarthas ón CATT maidir leis seo. Cuireadh in iúl nach féidir na folúntais ar Bhord Fhoras na Gaeilge a líonadh mura bhfuil an CATT ag feidhmiú. Tuairiscíodh nach mbeadh ceapacháin ann don Bhord go dtí mí Feabhra nó mí an Mhárta dá bharr.

01.177 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 1 Samhain 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Iarradh nuashonruithe maidir leis an gconradh leis an gclódóir don Fhoclóir. Cuireadh in iúl go raibh an conradh sínithe agus go mbeifí ag cloí leis na spriocanna a leagadh amach don Fhoclóir. Tuairiscíodh go raibh raon leathanach idir 1600 agus 1800 leathanach aontaithe leis an gclódóir.

02.177 COIMHLINT LEASA

Ní raibh aon bhaol coimhlint leasa ann.

03.177 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na míreanna seo a leanas:

- Gabhadh buíochas le Comhaltaí Boird a d'fhreastal ar ócáidí de chuid Fhoras na Gaeilge le déanaí.
- Cuireadh in iúl gur bhuail an feidhmeannas agus an Cathaoirleach leis an Rúnaí Buan ó thuaidh le déanaí agus gur pléadh ceisteanna airgeadais agus na deacrachtaí polaitiúla ó thuaidh.
- Cuireadh in iúl go bhfuil feachtas curtha ar bun ar na meáin shóisialta mar chomóradh ar 20 Bliain ó bunaíodh Foras na Gaeilge. Cuireadh in iúl go mbeadh níos mó físeán á gcruthú go

luath agus iarradh ar Chomhaltaí a bhíonn gníomhach ar na meáin shóisialta na físeáin sin a chur chun cinn. Cuireadh in iúl go n-iarrfaí ar an Aire Stáit agus ar an Taoiseach sa bhliain nua maoiniú a chur ar fáil chun go bhféadfaí feachtas feasachta a dhéanamh d'iomlán na tíre.

- Tagraíodh do thrí chonradh thábhachtacha a síníodh le déanaí: Matrix Internet; Dlíodóirí Fhoras na Gaeilge; agus PB Print Solutions.

Rinneadh plé ar mhíreanna éagsúla sa tuairisc.

Moladh go mbeadh níos mó cruinnithe ag an bhfeidhmeannas le hinstiúidí stáit atá ag plé leis an bpobal ach nach mbíonn teagmháil rialta ag an bhfeidhmeannas leo.

Tugadh suntas don ócáid *Gradaim na hAislinge* i mBéal Feirste le déanaí áit ar bronnadh Gradam na Gaeilge, atá urraithe ag Foras na Gaeilge, ar Linda Irvine agus an togra *Turas*.

3. Cúrsaí Corparáideacha .

Aguisín 1-Cuntais 2018

Cuireadh in iúl go bhfuil Cuntais 2018 Fhoras na Gaeilge glanta agus ceadaithe ag an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tuairiscíodh go bhfuil coigeartuithe le déanamh go fóill ar chuntais Ghníomhaireacht na hUltaise, agus nach mbeadh cuntais an Fhorais Teanga á síniú inniu dá bharr.

Cuireadh in iúl go raibh cead á lorg ón mBord go síneodh an dá Phríomhfheidhmeannach agus an dá Chathaoirleach cuntais An Fhorais Teanga nuair a bheadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann sásta leo, ar acht nach mbeadh aon athrú suntasach sna figiúirí iontu.

Dearbhaíodh nach bhfuil athrú ar bith tagtha ar na figiúirí i gcuntais Fhoras na Gaeilge a cuireadh ar fáil do na Comhaltaí i mí an Mhárta 2019, gur athruithe eagarthóireachta agus foclaíochta amháin a bhí i gceist.

Chuathas trí na hathruithe eagarthóireachta ar na cuntais.

Thug an Bord cead don dá Phríomhfheidhmeannach agus don dá Chathaoirleach cuntais an Fhorais Teanga a shíniú nuair a bheadh siad réidh.

04.177 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 22 Samhain 2019.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Gaelbhrtach 2020, agus glacadh leis sin.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Gaelbhrtach 2020	1901031	€120,000	€120,000

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim Cholmcille 2019, agus glacadh leo.

Tá faisnéis fágtha ar lár thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1& 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich	CC19021	£5,550	£4,750
Comhairle Fhear Manach agus na hÓmaí	CC19032	£1,720	£1,720

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na Foilsitheoireachta 2020, agus glacadh leo.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Leabhar Breac	L19104.09	€98,388.44	€72,832.00
Cló Iar-Chonnacht	L19104.02	€348,327.00	€193,230.00
Futa Fata	L19104.04	€198,298.57	€94,546.00
Éabhlóid	L19104.03	€51,158.00	€23,215.00
An tSnáthaid Mhór	L19104.05	€55,929.00	€18,777.00
Coiscéim	L19104.07	€167,915.00	€125,749.00
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	L19104.08	€53,250.00	€10,242.00
Cumann na Sagart	L19104.10	€66,500.00	€32,433.00
LeabhairCOMHAR	L19104.11	€123,391.00	€36,416.00
Arlen House	L19104.06	€38,800.00	€15,591.00
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	L19104.01	€24,950.00	€22,788.00
ML Óg	L19104.12	€29,770.00	€10,000.00

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na dTionscadal Litríochta do 2020, agus glacadh leo.

Tá faisnéis fágtha ar lár thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1& 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
IMRAM	L19103.08	€44,979.00	€42,000.00
Gaelchultúr	L19103.02	€43,966.42	€27,000
Móinín		€9,000.00	€9,000.00
Áras Scríbhneoirí na hÉireann		€10,500.00	€5,000.00
Roinn na Gaeilge OÉG		€3,200.00	€2,600.00
Ó Bhéal		€2,660.00	€2,420.00
Éigse Éireann		€11,400.00	€8,500.00
Young at Art		€3,201.00	€3,201.00

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta do 2020, agus glacadh leo.

Scoláirí faoi 18 ó thuaidh

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Conradh na Gaeilge	1901036	€120,000	€113,841 (€37,947 in 2020, 2021 & 2022)
Gael Linn	1901039	€199,572	€85,731 (€28,577 in 2020, 2021 & 2022)

Daoine Fásta

Tá faisnéis fágtha ar lár thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtas maidir le Saoráil Faisnéise.

Ainm	Uimhir Thagartha	Méid Lorgtha	Méid Molta 2020
Gael Linn	1901038	€12,000	€12,000 (€4,000 in 2020, 2021 & 2022)

Tuairiscíodh nótaí eolais i leith leasú ar bhuiséid Chumann na bhFiann, Ghaeloideachas, Gael Linn agus Ghlór na nGael.

Tuairiscíodh nóta eolais maidir le díscríobh ar dheontas Náiscoil na Caille, Ard Mhacha.

Nótáil an Bord tuairisc eolais i leith Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2019.

Fiosraíodh arbh fhiú go bpleifí straitéisí margaíochta na gcomhlachtaí foilsitheoireachta leo.

Moladh gur chóir aird a thabhairt ar na cuntais iniúchta atá foilsithe (más ann dóibh) agus deontais á thabhairt do chomhlachtaí, lena chinntiú go mbíonn an t-airgead caite mar is cóir.

Tuairiscíodh nár tháinig aon iarratas ó eagraíochtaí le Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta do theaghligh a bhainistiú, agus go mbeadh an scéim sin á fógairt arís. Fiosraíodh an mbeadh airgead ar fáil chun costais riaracháin na scéime a chlúdach.

Ardaíodh an cheist an mbeadh sé i gceist *Gaelbhratach* a leathnú amach sna Scoileanna Gaeltachta. Cuireadh in iúl go bhfuil seo fós á phlé agus go bhfuiltear ag súil go gcuirfeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an maoiniú a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil do Gael Linn, chun tacú leis an scéim seo.

An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 21 Samhain 2019.

Gabhadh buíochas leis an bhfeidhmeannas as an cháipéis *Socrúithe d'Earnáil na Meán Scríofa* a ullmhú.

Iarradh go scaipfí eolas faoin gcomhairliúchán poiblí atá ar siúl faoi láthair don Treo Straitéiseach ar na Comhaltaí Boird.

Cuireadh in iúl gur tháinig moladh ó Choiste an Oireachtais síneadh ama go deireadh mhí Eanáir 2020 a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin don Treo Straitéiseach. Iarradh go gcuirfí na moltaí a tháinig ón gCoiste ar aghaidh chuig na Comhaltaí Boird.

Glacadh leis an moladh an próiseas comhairliúcháin a shíneadh go deireadh Eanáir 2020.

Fiosraíodh an bhféadfaí fógra raidió dátheangach a dhéanamh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 25 Samhain 2019.

An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 25 Samhain 2019.

05.177 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 Samhain 2019 agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus buiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2019, agus ghlac an Bord leis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- iv. go raibh an Foras ar sprioc ó thaobh caiteachais de ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair; go raibh 24% den bhuiséad fós le caitheamh, agus go bhfuiltear ar sprioc ó thaobh fhigiúirí mhí na Samhna freisin; go bhfuil 15% den bhuiséad le caitheamh roimh dheireadh na bliana.
- v. go bhfuil ag éirí go han-mhaith le díolacháin ÁIS agus go mbeidh díolachán 2019 níos fearr ná díolachán 2018.
- vi. go gcaithfí airgead ó leasú buiséid Oireachtas na Gaeilge ar thionscadail eile.

Ardaíodh ceist maidir leis na tosaíochtaí don airgead atá le caitheamh ón bpróiseas athdháilte. Tuairiscíodh go bhfuil taifead cruinn sna ráitis chaiteachais den athdháileadh a rinneadh i rith na bliana, agus go gcuirfí tuairisc dheireadh bliana ar fáil don Bhord ag an gcéad cruinniú eile ag tús 2020.

Iarradh go bhfiosrófaí cén tacaíocht a d'fhéadfadh Foras na Gaeilge a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge maidir le Gaillimh 2020.

06.177 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go bhfuarthas litir ó Chathaoirleach COMHAR thar ceann na dtrí sholáthróir reatha do na meáin scríofa, ag iarradh go gcuirfí díomá na dtrí sholáthróir in iúl don Bhord nach bhfuil curtha ag an Foras na Gaeilge leis an gciste do na trí scéim.

07.177 AON GHNÓ EILE

Ardaíodh ceist maidir le taifead na Dála faoin mbreis is €700,000 i gcuntais RCOG nár caitheadh i 2018. Cuireadh in iúl gur tugadh míniú air seo ag an gCruinniú Boird deireanach, nach raibh bunús ar bith leis an scéal, agus gur tharraing Foras na Gaeilge iomlán an mhaoinithe a bhí dlíte dúinn in 2018.

Aontaíodh gur n-iarrfaí go gceartófaí an taifead sin.

Léiríodh éiginnteacht faoi na socrúithe maidir le ballraíocht an Bhoird anois agus tréimhse cúigear Comhaltaí Boird ag críochnú go luath.

Ghabh an Cathaoirleach a bhuíochas leis an gcúigear Comhaltaí a bhfuil deireadh ag teacht lena dtréimhsí ar an mBord go luath. Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis na Comhaltaí thar ceann an fheidhmeannais. Ghabh Comhaltaí a mbuíochas as an tréimhse a chaith siad ar an mBord. Gabhadh buíochas as gairmiúlacht agus as ardchaighdeán oibre an fheidhmeannais. Gabhadh buíochas leis an iar-Phríomhfheidhmeannach, F. Mac an Fháiligh.

Pól Ó Gallchoír
Cathaoirleach
24 Eanáir 2020

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019

		18/01/ 19	08/03/ 19	26/04/ 19	14/06/ 19	26/07/ 19	13/09/ 19	1/11/1 9	06/12/ 19
Pól Ó Gallchóir	8/ 8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Mícheál Ó Domhnaill	8/ 8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Gráinne McElwain	6/ 8	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓
Bláthnaid Ní Chofaigh	6/ 8	✓	X	✓	✓	✓	✓	X	✓
Seán Ó hArgáin	5/ 8	✓	X	X	X	✓	✓	✓	✓
Seán Ó Coistealbha	7/ 8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Conor McGuinness	7/ 8	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	7/ 8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Maighréad Ní Chonghaile	7/ 8	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Mairéad Farrell	5/ 8	✓	✓	X	✓	X	X	✓	✓
Máire Ní Neachtain	7/ 8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Sorcha Ní Chéide	7/ 8	X	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	4/ 8	✓	X	X	✓	✓	✓	X	X